

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Green-Schools

An Taisce



GNÍOMHÚ AR SON

NA HAERÁIDE

ACMHAINN

DO

MHÚINTEOIRÍ



GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE – ACMHAINN DO MHÚINTEOIRÍ



An Taisce
The National Trust for Ireland

AN TAI SCE

Tá Aonad Oideachais Comhshaoil An Taisce freagrach as na cláir chomhshaoil is rathúla agus na scéimeanna dámhachtana is iomráití in Éirinn a chomhordú le breis is fiche bliain. Is é an tAonad Oideachais Comhshaoil Oibreoir Náisiúnta na gclár idirnáisiúnta uile atá ag an bhFondúireacht um Oideachas ar an gComhshaoil, lena n-áirítear Tuairisceoirí Óga ar son an Chomhshaoil, Ag Foghlaim faoi Fhoraoisí, agus dar ndóigh, Clár na Scoileanna Glasa, atá i bhfeidhm faoi láthair i 94% de scoileanna na hÉireann. Bíonn cuid mhaith clár náisiúnta á bhfeidhmiú ag an Aonad Oideachais Comhshaoil freisin, lena n-áirítear Ambasadóir Aeráide, Cóstaí Glana, Glantachán Náisiúnta Earraigh agus Campas Glas, an chéad chéim eile de Chlár na Scoileanna Glasa, nuair a théann daltaí ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal in Éirinn.

AN FHONDÚIREACHT UM OIDEACHAS COMHSHAOIL

Tá comhpháirtíochtaí ag an bhFondúireacht um Oideachas Comhshaoil le cuid de na heagraíochtaí is mó le rá ar fud an domhain, lena n-áirítear Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), Cairt na Cruinne agus Eagraíocht Turasóireachta Domhanda na Náisiún Aontaithe (UNWTO). Is é aidhm na Fondúireachta um Oideachas Comhshaoil ná oideachas comhshaoil a chur chun cinn trí fheachtais a reáchtáil agus feachtas a ardú. Is líonra d'eagraíochtaí í a thugann faoi thionscadail ar leith ina dtíortha féin agus a ghlacann páirt in iarrachtaí idirnáisiúnta freisin. Ina theannta sin, tá an Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil aitheanta ag UNESCO mar cheannaire domhanda san Oideachas le haghaidh Forbartha Inbhuanaithe.

FOCAL

BUÍOCHAIS

Ba mhaith le hAonad Oideachais Comhshaoil An Taisce a bhuíochas a chur in iúl do na daoine, na scoileanna agus na heagraíochtaí seo a leanas as a gcomhairle agus a dtacaíocht agus an acmhainn seo á forbairt: Paula Needham (Tíreolaíocht don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí), Annette Honan (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta), an tOllamh John Sweeney (Ollscoil Mhá Nuad) agus Graham Quinn (Coláiste Thír an Iúir). Gabhaimid buíochas freisin leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha thíos, a roinn a gcuid acmhainní agus tacar sonraí: Climate Outreach, Met Éireann, Tarrtháil Aimsire agus Stáisiún Aimsire.



Tá an acmhainn seo curtha i gcló ar pháipéar Cyclus Offset: páipéar 100% athchúrsáilte, neamhbhrata, saor ó chlóirín.

Gráinne Ryan, Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide, a scríobh an acmhainn seo. Cóipcheart © Aonad Oideachais Comhshaoil An Taisce 2018



**Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe
ar son na hAeráide & Comhshaoil**
Department of Communications,
Climate Action & Environment



Richard Bruton T.D.

A MHÚINTEOIR, A CHARA,

**Is feiceálach cheana na hiarmhairtí atá ann
mar thoradh ar an gcur isteach ar an aeráid. Má
leanann an domhan ar aghaidh mar atá, beidh
iarmhairtí tubaisteacha ann.**

Ní fhéadfadh an eolaíocht a bheith níos soiléire. Tá ar ár gcumas fós leibhéil chontúirteacha athraithe aeráide a sheachaint, ach chun amhlaidh a dhéanamh, is gá dúinn uile gníomhú ina leith. Más mian linn ár gcion a dhéanamh ar mhaithe leis an dúshlán domhanda seo, is gá dúinn Éire a chur ar ais ar bhóthar a leasa. Caithfidh Éire a bheith ina ceannaire agus ní ina leantóir. Tá ról tábhachtach ag gach duine in Éirinn, idir óg agus aosta. Éileoidh sin iarrachtaí suntasacha ón Rialtas, ó ghnóthais agus ó shaoránaigh sna blianta atá romhainn amach. Na bearta a dtugaimid fúthu anois, is iad sin a dheimhneoidh an cineál domhain a bheidh i ndán do dhaltáí in 2050 agus níos faide ar aghaidh.

Chun an dúshlán a shárú, beidh gá le hathrú radacach ar an gcaoi a smaoinimid, a n-oibrímid agus a mairimid. Ní féidir é sin a bhaint amach mura ndéanann gach duine a sciar féin.

Tá buntáiste mór ag múinteoirí ar fud na hÉireann maidir le feasacht a ardú agus freagracht a spreagadh i dtaobh na ndúshlán comhshaoil atá roimh shochaí na hÉireann agus an domhan i gcoitinne. Is cúis áthais dom an acmhainn mhúinteoireachta thábhachtach nua seo um an athrú aeráide a sheoladh, a d'fhorbair foireann Chlár Scoileanna Glasa An Taisce.

Is treoir chuimsitheach í a sholáthraíonn acmhainní do mhúinteoirí chun oideachas a chur ar dhaltáí faoin athrú aeráide, agus chun iad a spreagadh agus a ghríosú le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo atá ina bhgairt don tsochaí i gcoitinne. Tá súil agam go mbeidh an acmhainn seo ina cabhair do mhúinteoirí agus eolaíocht na haeráide á hiniúchadh acu, go spreagfaidh sí na daltaí agus go gcuirfidh sí ina luí ar dhaoine a thábhachtaí agus atá an gníomhú i scoileanna agus sa phobal ina iomláine.

Forbraíodh an acmhainn seo le tacaíocht ó mo Roinn faoin gClár Náisiúnta Gníomhaíochta agus Feasachta um an Athrú Aeráide. Cuireann an acmhainn go mór le tionscnaimh eile um oideachas aeráide amhail Seachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide, Móraonach Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an clár um Ambasadóirí Aeráide.

Tá súil agam go mbainfidh do dhaltáí taitneamh as an acmhainn agus go spreagfaidh sí iad. Má éiríonn linn oideachas a chur ar an gcéad ghlúin eile faoi dhúshlán an athraithe aeráide agus iad a chumasú chun déileáil leis, is ríthábhachtach an ról a bheidh acu i ndáil leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin a éascú.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Dr. Michael John O'Mahony agus an fhoireann uile um ghníomhú ar son na haeráide in Aonad Oideachais Comhshaoil An Taisce, a chuir an tionscnamh seo i dtoll a chéile.

Richard Bruton T.D.

An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

CLÁR NA NÁBHAR

CAIBIDIL 1

6

Suirbhé

6

Aon Fhocal Amháin

9

Aon Fhíseach Amháin

11

CAIBIDIL 2

12

Cártaí i gcoinne an Athraithe Aeráide

12

Foclóir Aeráide

13

CAIBIDIL 3

14

An tAthru Aeráide 101

14

Comhrá faoin Aeráid agus Cáca

20

CAIBIDIL 4

21

Cartúin Aeráide

21

CAIBIDIL 5

23

Is Rud Pearsanta é an tAthru Aeráide

23

Climacom

25

CAIBIDIL 6

26

Tarrtháil Aimsire

26

Sonraí faoin Aeráid

27

CAIBIDIL 7

28

Taighde ar an Aeráid

28

Cur i láthair

29

CAIBIDIL 8

30

Tionól na Saoránach

30

CAIBIDIL 9

31

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

31

Gníomhú ar son na hAeráide

34

CAIBIDIL 10

35

Machnamh

35

Suirbhé

37



RÉAMHRÁ

Is féidir leibhéil chontúirteacha athraithe aeráide a sheachaint fós, ach chun é a bhaint amach, beidh ar rialtais, gnóthais, saoránaigh agus eolaithe iarracht ollmhór a dhéanamh sna blianta atá romhainn amach.

Tá an t-athrú aeráide ag dul i dtreise, mar sin, déanaimis iarracht é a thuiscint agus rud éigin a dhéanamh faoi láithreach bonn. Is mór an buntáiste atá agaibhse, mar mhúinteoirí, ó thaobh tionchar a imirt ar intinní óga agus díocas na glúine reatha daltaí, mar sin, ba mhaith linne ag Clár na Scoileanna Glasa an acmhainn seo a chur ar bhur súile agaibh ionas go ngríosófar na daltaí chun foghlaim faoin athrú aeráide agus chun gníomhú ar son na haeráide.

Curaclam

Is é Clár na Scoileanna Glasa a d'fhorbair agus a scríobh an acmhainn seo, agus a reáchtáil ar bhonn píolótach í. Agus í á cur i dtoll a chéile, cuireadh san áireamh Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí (CNCM, 2014) agus an Creat don tSraith Shóisearach (ROS, 2015). Is iad seo a leanas ocht bpríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí: Cumarsáid a Dhéanamh, A Bheith Cruthaitheach, Obair le Daoine Eile, Faisnéis agus Smaointe a Bhainistiú, Mé Féin a Bhainistiú, Mo Shláinte a Choinneáil, A Bheith Liteartha, agus A Bheith Uimheartha. Tá súil againn go mbeidh an acmhainn seo cabhrach leat, ní hamháin ó thaobh na príomhscileanna sin a fhorbairt i do dhaltai ach freisin, chun leas a bhaint as téama an athraithe aeráide ar bhealach comhtháite tras-churaclaim, ionas go gcruthófar eispéireas foghlama atá ábhartha don tSraith Shóisearach, chomh maith le deis a chruthú do chomhar gairmiúil idir rannóga ábhair. Is iad na hocht bPrionsabail is bonn leis an gCreat don tSraith Shóisearach ná: Cruthaitheacht agus Nuáil, Gafacht agus Rannpháirtíocht, Oideachas Ionchuimsitheach, Folláine, Rogha agus Solúbthacht, Cáilíocht, Leanúnachas agus Forbairt, mar aon le Foghlaim conas Foghlaim. Ceapadh an acmhainn seo le go gcuimseofaí inti roinnt mhaith Ráiteas Foghlama, agus toisc a bhfuil i gceist leis an athrú aeráide, tá dáimh láidir thar na bearta aici le Ráitis Foghlama 7, 8, 9, 10, 16, 19 agus 24.

Cén Chaoi Úsáid a Bhaint as an Acmhainn seo

Tosaigh ag caibidil a haon agus lean ort go dtí caibidil a deich, agus caith leis mar aonad iomlán foghlama (is é sin, deich seachtaine), é sin nó tagair don acmhainn le haghaidh gníomhaíocht nó dhó le do rang; tá sí ceaptha a bheith solúbtha agus cabhrú leat eispéireas foghlama téamach a fhorbairt i roinnt ábhair éagsúla do do dhaltai. Leagtar amach sa tábla thíos cuid de na naisc ábhair is láidre agus na Torthaí Foghlama is sainiúla, agus tá siad sin liostaithe go hiomlán ag tús gach caibidle freisin, ach tá go leor eile a d'fhéadfá a nascadh, ag brath ar do shainábhar, mar shampla, Matamaitic, Staidéar Gnó, Eacnamaíocht Bhaile, Ealaín, Ceol, Gaeilge agus Teangacha Iasachta.

Torthaí Foghlama

Caibidil	Tíreolaíocht	Eolaíocht	OSSP	Béarla
1				
2				R10
3	2.6	2.7	2.9	
4			GCSA	W3, GL1
5		1.6, 1.8	GCSA, 3.12	GL8, GL5
6	1.6, 1.8	1.4		
7	1.9, 2.2	1.7, 2.6, 4.8		R2, GL7
8	2.9		GCSA	GL4
9			GCSA, 2.4, 2.10	
10			2.12, 3.13	GL2



Clár na Scoileanna Glasa

Tá Clár na Scoileanna Glasa bunaithe ar sheacht gcéim bhunriachtanacha, mar atá sonraithe thíos. Is áis iontach duit é Coiste Chlár na Scoileanna Glasa, le go mbeidh tú in ann piartheagasc a chumasú agus grúpaí seach-churaclaim a chuimsiú i gcomhthráth le do rang. Beidh an acmhainn seo ina cabhair duit ó thaobh d'iarrais ar an mBratach Ghlas de, ach ná déan dearmad féachaint ar do lámhleabhar cláir freisin!

- 1 Coiste Chlár na Scoileanna Glasa
- 2 Athbhreithniú Comhshaoil
- 3 Plean Gníomhaíochta
- 4 Monatóireacht agus Meastóireacht
- 5 Obair Churaclaim
- 6 Daoine a chur ar an eolas
- 7 An Cód Glas



Téamaí

Clúdaíonn Clár na Scoileanna Glasa cuid mhaith téamaí, i dtús báire Bruscar agus Dramhail, Fuinneamh, Uisce, Taisteal, Bithéagsúlacht, agus ansin na topaicí um Shaoránacht Dhomhanda, mar atá, Bruscar agus Dramhail, Fuinneamh agus an Mhuirthimpeallacht. Is téama é an t-athrú aeráide atá cumhdaithe i ngach ceann de na téamaí thuas, mar sin tapaigh an deis le dul chun cainte le Coiste Chlár na Scoileanna Glasa.



www.greenschoolsireland.org/themes



Machnamh

Is minic a dhéanaimid dearmad ar am a thógáil chun machnamh, agus mar sin, tá aird dírithe i gcaibidil 10 ar cheithre theicníc shimplí a mbainfidh tú taitneamh astu, tá súil againn. Go hidéalach chaithfeá 3 nóiméad ar a laghad i ngach ceacht freisin ar dhul siar ar na rudaí a chlúdaigh sibh le chéile, aon cheisteanna suimiúla a tháinig aníos, agus aon réimsí eile ar gá iniúchadh a dhéanamh orthu fós.

Fiafraigh de do dhaltáí cén tionchar a bhí ag gach gníomhaíocht ar a smaointe nó an bhfuil aon rud nua a d'fhoghlaim siad a raibh tionchar aige ar an gcaoi a smaoiníonn siad nó ar na cinntí a d'fhéadfaidís a dhéanamh anois nó amach anseo.

Ceisteanna:

Iarr ar do dhaltáí 3 nóiméad a thógáil chun machnamh a dhéanamh ina n-intinn féin ag deireadh gach ceachta, agus na habairtí seo a leanas a chríochnú:

- An rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim mé ná...
- An chuid is spéisiúla ná...
- Ba mhaith liom níos mó a fhoghlaim faoi...

Ar chuala tú riamh faoi na Spriocanna Domhanda?

In 2015, rinne ceannairí domhanda comhaontú maidir le 17 Sprioc Dhomhanda chun deireadh a chur leis an mbochtanas, troid in éadan an neamhionannais agus dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Is fúinn ar fad é obair i gcomhar le chéile chun na spriocanna sin a bhaint amach faoi 2030. Tá teoracha san acmhainn chuig an-chuid díobh sin, mar sin bí ag faire amach i gcomhair na dtileanna agus bain leas aisti mar dheis chun díriú ar Sprioc Domhanda nó dhó le do rang.



Cuireann an Ceacht is Mó ar Domhan na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i láthair do dhaltáí i ngach áit agus spreagann sé iad chun gníomhú le chéile.

www.worldslargestlesson.globalgoals.org





CAIBIDIL 1

SUIRBHÉ

Sula gcuireann tú tús leis na gníomhaíochtaí san acmhainn, iarraimid ort 5 nóiméad a thógáil chun an Suirbhé Réamh-ghníomhaithe ar son na hAeráide a líonadh isteach le do rang.

Is é aidhm an tsuirbhé ná na tuairimí faoin athrú aeráide, faoi shaineolas, faoi luachanna agus faoi athruithe ar iompraíocht a thomhas. Cuirfidh na sonraí sin le pictiúr náisiúnta a fhoilseoidh Clár na Scoileanna Glasa agus a bheidh tú in ann a fháil ar ár láithreán gréasáin.

An chaoi is éasca agus is tapúla leis an suirbhé a dhéanamh ná iarraidh ar do daltaí an cód QR a scanadh lena bhfóin nó clíceáil ar an nasc seo a leanas agus an suirbhé a líonadh isteach ar líne: www.surveymonkey.com/r/PreClimateSurvey

Chun rudaí a dhéanamh níos áisiúla duit, tá cóip chrua den suirbhé priontáilte againn thíos, ach ná déan dearmad smaoineamh ar na crainn sula ndéanann tú í a fhótachóipeáil! Mura bhfuil rochtain ar sheomra ríomhairí agat i do scoil, nó más amhlaidh nach bhfuil cead ag do dhaltáí an suirbhé a líonadh isteach ar a bhfóin, is féidir leat na suirbhéanna comhlánaithe a scanadh agus a sheoladh i ríomhphost chuig greenschools@antaisce.org. Go raibh maith agat!



1. An gceapann tú go bhfuil an t-athrú aeráide ag tarlú?

- ☐ Níl a fhios agam ☐ Ceapaim go bhfuil ☐ Ceapaim nach bhfuil

2. Má ghlacaimid leis go bhfuil an t-athrú aeráide ag tarlú, cad is cúis leis go príomha i do thuairim?

- ☐ Níl a fhios agam ☐ Gníomhaíochtaí an duine ☐ Athruithe nádúrtha

3. Cé chomh mór is a chuireann an t-athrú aeráide isteach ort?

- ☐ Cuireann sé isteach orm go mór
☐ Cuireann sé isteach orm suas go pointe
☐ Ní chuireann sé isteach orm i ndáiríre
☐ Ní chuireann sé isteach orm in aon chor

4. Cén ceann de na ráitis seo a leanas is gaire don fhirinne, dar leat?

- ☐ Aontaíonn tromlach na n-eolaithe go bhfuil an t-athrú aeráide ag tarlú agus gurb é an duine daonna is cúis leis.
☐ Aontaíonn tromlach na n-eolaithe nach bhfuil athrú aeráide de bharr gníomhaíochtaí an duine ag tarlú.
☐ Níl a fhios agam

5. An ndéanann tú aon cheann de na gníomhartha ar son na haeráide seo a leanas faoi láthair? Cuir tic le gach ceann a oireann.

- ☐ Seachnaím plaisteach aon uaire trí leas a bhaint as buidéal in-athúsáidte agus/nó muga taistil.
- ☐ Chun fuinneamh a shábháil, casaim as na soilse agus gléasanna leictreonacha nuair nach bhfuil siad á n-úsáid.
- ☐ Chun uisce a shábháil, ní chaithim ach seal gearr sa chithfholcadh - 5 nóiméad ar a mhéad.
- ☐ Chun astaíochtaí a laghdú, bíim ag siúl, ag rothaíocht nó ag fáil an bhus chuig an scoil.
- ☐ Ithim níos lú feola agus/nó táirgí déiríochta chun mo lorg carbóin a laghdú.
- ☐ Chun mo dhrochthionchar ar an domhan a laghdú, roghnaím bia áitiúil a cheannach, mar aon le táirgí trádála córa agus táirgí atá saor ó chruáil.
- ☐ Déanaim iarracht oideachas a chur ar dhaoine eile agus iad a spreagadh chun gníomhú ar son na haeráide agus an comhshaol a chosaint.
- ☐ Eile = sonraigh

6. Rátáil na luachanna seo a leanas de réir a thábhachtaí atá siad duit.

	An-tábhachtach	Tábhachtach	Níl sé chomh tábhachtach sin	Níl sé tábhachtach in aon chor
Chun eachtra a bheith agam	☐	☐	☐	☐
Chun an tsíocháin a choimeád	☐	☐	☐	☐
Chun suim a léiriú sa dúlra	☐	☐	☐	☐
Chun a thaispeáint cad is féidir liom a dhéanamh	☐	☐	☐	☐
Chun smaointe nua a fhorbairt	☐	☐	☐	☐
Chun a bheith i mo cheannaire	☐	☐	☐	☐
Chun a bheith saibhir agus cumhachtach	☐	☐	☐	☐
Chun rudaí spreagúla a dhéanamh	☐	☐	☐	☐
Chun sonas a chur ar dhaoine eile	☐	☐	☐	☐
Chun rud éigin nua a aimsiú	☐	☐	☐	☐
Chun smaoineamh ar Dhia	☐	☐	☐	☐
Chun cabhrú le daoine eile	☐	☐	☐	☐
Chun a bheith sábháilte	☐	☐	☐	☐
Chun a bheith cosúil le gach duine eile	☐	☐	☐	☐
Chun a bheith cosanta	☐	☐	☐	☐

7. An ball thú (nó ar bhall riamh thú) de Choiste Chlár na Scoileanna Glasa?☐ Is ball mé☐ Ní ball mé**8. Cén t-aoisghrúpa ina bhfuil tú?**☐ Faoi 12☐ 12-15☐ 16-18☐ Os cionn 18**9. Céard é d'inscne?**☐ Fireann☐ Baineann☐ B'fhearr liom gan a rá**10. Ba mhaith linn dul i dteagmháil le do scoil i ndáil le himeachtaí, acmhainní agus oiliúint a bhaineann le Clár na Scoileanna Glasa atá saor in aisce. Tabhair do shonraí teagmhála dúinn má theastaíonn uait go mbeimis i dteagmháil leat.****Bliain**

Scoil

Seoladh

Cathair/Baile

Cód Poist

Seoladh Ríomhphoist

AON FHOCAI AMHÁIN

Sula ndéanann tú iniúchadh ar thopaic an athraithe aeráide sa seomra ranga, is tábhachtach aon bharúlacha agus smaointe atá ann faoi cheana a aithint agus a chur in iúl. Iarr ar do rang a súile a dhúnadh agus machnamh a dhéanamh:


CAD É AN CHÉAD FHOCAI, ÍOMHÁ NÓ FRÁSA A THAGANN ISTEACH I D'INTINN NUAIR A DEIRIM 'ATHRÚ AERÁIDE'?

Cuir in iúl do do dhaltai nach bhfuil aon fhreagraí míchearta ann agus déan iarracht gan leideanna a thabhairt!

Nuair atá an focal, íomhá nó frása agat, breac síos é ar bhlúire páipéir agus coinnigh agat féin é. Tar éis nóiméid, iarr ar dhuine amháin díreach ceann amháin de na focail a bhreac siad síos a thabhairt le fios. Iarr ar an rang a lámha a chur in airde chun a fháil amach cé eile a raibh an focal aige ná aici agus déan é a thaifeadadh ansin. Lean ort go dtí go bhfuil ar a laghad 10 bhfocal, íomhá nó frása roinnte ag na daltaí. Bain leas as an teimpléad ar leathanach 12 chun do Bhratach Ghlas don Athrú Aeráide a chruthú; úsáid an bosca is mó don fhocal a bhfuil na vótaí is mó aige, síos go dtí an bosca is lú don fhocal a bhfuil na vótaí is lú aige. Más rang ealaíonta amach is amach atá agat, cén fáth nach gcruthófá do mhúnla focail féin? Ní gá go mbeadh sé ina bhratach!



De rogha air sin, d'fhéadfá néalta focal ar líne a chruthú ach leas a bhaint as www.mentimeter.com. Féach ár shampla athraithe aeráide anseo trí leas a bhaint as an gcód vótála 430349 anseo: www.menti.com/4101ba18




TEIMPLÉAD BRATAÍ 'AON FHOCAI AMHÁIN'



Green Schools

GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE




AON FHÍSEACH AMHÁIN

Roghnaigh 3 íomhá ar an láithreán gréasáin **Climate Visuals** ó gach ceann de na téamaí seo a leanas: **Cúiseanna, Iarmhairtí, Réitigh**. Bíodh plé gairid agat leis an rang ar gach teideal agus cad a léiríonn sé.

Iarr ar do dhaltáí iniúchadh a dhéanamh ar ghailearaí Climate Visuals ina gcuid ama féin agus íomhá a roghnú a bhfuil ciall ar leith aici dóibh agus í a thabhairt isteach go dtí an rang an lá dár gcionn chun a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad í.



www.climatevisuals.org/images – Tionscadal de chuid Climate Outreach





CAIBIDIL 2



Torthaí Foghlama

Béarla R10: Téigh i dtaithí ar conas acmhainní teanga a úsáid chun cabhrú lena bhforbairt foclóra



CÁRTAÍ I GCOINNE AN ATHRAITHE AERÁIDE

Le táblaí seisir nó ochtair is fearr a oibríonn an cluiche seo. Úsáid grúpaí níos lú má chuirtear ar seachrán go héasca iad nó grúpaí níos mó má dhíríonn siad a n-aird go maith nó má d'imir siad an cluiche cheana. Is féidir leo an cluiche a imirt ina bpéirí freisin má tá rang an-mhór agat agus gan dóthain cártaí le gur féidir le gach duine imirt ina aonair. Bí cinnte agus dhá thaobh an leathanaigh a úsáid agus na cártaí á bpriontáil agat!

1. Déan cinneadh faoi cé a roinnfidh na cártaí ag gach bord agus roinn 5 cárta bhána in aghaidh an duine.
2. Cuir na cártaí glasa agus na cártaí bána spártha os cionn a chéile taobh lena chéile sa lár.
3. Tosaíonn an Déantóir an cluiche trí chárta glas a aisiompú agus é a léamh os ard do gach duine ag an mbord.
4. Roghnaíonn gach duine eile ag an mbord cárta bán chun an abairt a chríochnú.
5. Bailíonn an Déantóir na cártaí bána roghnaithe, meascann iad beagáinín agus ansin léann gach abairt amach ina hiomláine (tús & deireadh!); ansin roghnaíonn an Déantóir cárta mar bhuaiteoir (an ceann is greannmhaire a d'fhéadfadh a bheith i gceist, nó an ceann is cirte ó thaobh na gramadaí de, nó an ceann is mó a luíonn le réasún dar leo srl.).
6. Cuir na cártaí bána úsáidte ar leataobh (bí cúramach faoi iad a mheascadh leis na cártaí spártha!) agus tabhair an cárta glas don bhuaiteoir.
7. Tugann an Déantóir cárta ionaid bán do gach duine ón gcarn spártha sa lár (ní mór duine 5 cinn a bheith i do lámh agat i gcónaí) agus bogann an cluiche ar aghaidh ar deiseal go dtí an chéad imreoir eile, a dhéanann cárta glas a aisiompú agus atá mar an Déantóir nua anois...

Is é aidhm an chluiche ná a oiread cártaí glasa agus is féidir a bhuachan!

Is cuma mura dtuigeann siad gach cárta, mar ní bhaineann sé leis an bhfreagra 'ceart' ag an staid seo; is é atá tábhachtach ná go mbeadh píosa craic acu, go mbeidís gafa sa chluiche agus go spreagfaí spéis san athrú aeráide iontu.

De réir mar atá tú ag siúl timpeall na mbord, d'fhéadfá iarraidh ar an Déantóir reatha cén fáth ar roghnaigh sé nó sí an cárta a bhuaigh; más duine atá i gceist, cé a cheapann tú atá ann, cén post atá acu agus, dá bhféadfá an abairt a chríochnú mar ba mhaith leat, cad a déarfá?!



Déan do phaca iomlán Cártaí i gcoinne an Athraithe Aeráide a íoslódáil anseo:
www.greenschoolsireland.org/resources

Ireland will become a global leader in climate action...

CARDS AGAINST CLIMATE CHANGE



Green-Schools

FOCLÓIR AERÁIDE

Tosaigh Foclóir Aeráide le do rang trí iarraidh ar na daltaí focal nó frása a chur in iúl a tháinig aníos i gCártaí i gcoinne an Athraithe Aeráide.

D'fhéadfadh gur focal nua a bheadh ann nár chuala siad riamh, nó rud éigin eile nach dtuigeann siad i gceart i gcomhthéacs an athraithe aeráide. Cuir an rang ag obair ina ngrúpaí chun oibriú amach cad is ciall leis na focail; is féidir leo leabhair scoile, foclóirí nó an leabharlann a úsáid, nó cuardach ar líne má tá sin inrochtana dóibh.



Is áit mhaith le tosú é an láithreáin gréasáin Climate Ambassador (Ambasadóir Aeráide): www.climateambassador.ie

[illegible]

CAIBIDIL 3



Torthaí Foghlama

Tíreolaíocht 2.6: Déan cúiseanna agus impleachtaí an athraithe aeráide a iniúchadh.

Eolaíocht 2.7: Léirigh conas a imríonn próisis agus fachtóirí daonna domhanda tionchar ar aeráid an Domhain, déan iarmhairtí an athraithe aeráide a mheas, mar aon le tionscnaimh a dhéanann iarracht dul i ngleic leis na hiarmhairtí sin

O.S.S.P. 2.9: Déan fadhb nó dúshlán domhanda amháin a anailísiú faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh fhéideartha

AN TATHRÚ AERÁIDE 101



Céim 1: Déan an prezi ar 'Athrú Aeráide, Eolaíocht agus Gníomhú' a rochtain anseo:



<https://tinyurl.com/y87pck8j>

Céim 2: Íoslódáil na nótaí múinteora iomlána a ghabhann le gach sleamhnán anseo:



<https://tinyurl.com/ybl4toqx>

Ábhar

- Treoir Thosaigh ar an Athrú Aeráide
- Eolaíocht na hAeráide
- Ceisteanna Coitianta
- Crios Chinnín Óir
- An Iarmhairt Cheaptha Teasa
- An Timthriall Carbóin
- Gáis Ceaptha Teasa
- An Cruthúnas!

Treoir Thosaigh ar an Athrú Aeráide

1. Conas a d'fhéadfadh an t-athrú aeráide dul i gcion ortsá? Cad atá tábhachtach duit agus cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide air sin?
2. Conas a d'fhéadfadh an t-athrú aeráide dul i gcion ar do phobal scoile? m.sh. adhaimsir.
3. Conas a d'fhéadfadh an t-athrú aeráide dul i gcion ar Éirinn? m.sh. samhrai níos teo agus triomach, geimhrí níos fliche agus teagmhais adhaimsire níos minice amhail stoirmeacha nó hairicíní.
4. Cén áit sa domhan is mó atá ag cur leis an athrú aeráide?
5. Cén áit ar domhan is mó a bhfuil iarmhairt(i) an athraithe aeráide le sonrú?
6. Cé atá i mbaol an athraithe aeráide?

Eolaíocht na hAeráide

Sula ndéanaimid eolaíocht na haeráide a chioradh, tógfaimid sracfhéachaint ar chuid de na ceisteanna is coitianta. Déanfaimid machnamh ansin ar cén fáth a bhfuil an domhan chomh speisialta sin agus breathnóimid ar chuid den chruthúnas eolaíoch ar an athrú aeráide antrapaíneach (arb é an duine daonna is cúis leis).



CEISTEANNA COITIANTA

1. Céard é an difear, mar sin, idir an aimsir agus an aeráid?

Is é an aimsir a bhíonn ar siúl ANOIS (thar nóiméid nó seachtainí) agus tagraíonn aeráid do phátrúin aimsir mheánacha thar thréimhse ama i bhfad níos faide (blianta go céadta de bhlianta). Iarrtar go minic ar eolaithe conas is féidir leo an aeráid a thuar go cruinn i gceann 30 bliain má tá an réamhaisnéis aimsire mícheart don lá amárach. Bhuel, tá a fhios againn cheana go mbíonn sé níos teo sa samhradh ná sa gheimhreadh, ach níl a fhios againn an mbeidh 6 seachtaine nó 6 lá de ghrian in Éirinn an bhliain seo chugainn. **Bíonn an aimsir ag síorathrú ach tarlaíonn aeráid i bhfad níos moille agus mar sin, tá sé níos éasca í a thuar.**

2. An ionann téamh domhanda agus an t-athrú aeráide?

I mbeagán focal, ní hea! Is éard atá i gceist le téamh domhanda ná an méadú atá ag teacht ar mheánteocht dhromchla an Domhain de réir a chéile, ach cuimsítear san athrú aeráide an téamh domhanda, rátaí frasaíochta athraitheacha, agus galú, leibhéil mhara atá ag ardú, chomh maith le teagmhais adhaisire amhail tuilte, triomach, agus stoirmeacha nó hairicíní. Tá a sáith de thuilte ag Éirinn le deich mbliana anuas, go háirithe in 2008, 2009, 2011, 2016 agus 2017, nuair a dhún an chuid is mó den tír síos toisc nach rabhthas in ann dul i ngleic le tuilte nach raibh a leithéid feicthe riamh roimhe sin. Féach ar na grianghraif de Bhéal Átha hAmhnais i gCo. Mhaigh Eo; Gráig na Manach, Co. Chill Chainnigh; Dúglas, Co. Chorcaí. **Ní hé go bhfuil an frása ‘téamh domhanda’ mícheart, ach gur téarma níos oiriúnaí é athrú aeráide le cur síos ar a bhfuil ag tarlú i gcomhthéacs níos leithne.**

3. An bhfuil poll sa chiseal ózóin agus an bhfuil sin ina údar leis an téamh domhanda nó an t-athrú aeráide?

An tanú atá ag tarlú i gcodanna den chiseal ózóin, is é is cúis leis ná grúpa ceimiceán de dhéantús an duine, ina measc clórafluoracarbóin (CFCanna), na cinn is mó is eol dúinn. Cuireadh cosc orthu in 1987 nuair a chomhaontaigh ceannairí domhanda Protocal Montréal den chéad uair. Tá CFCanna le fáil i rudaí amhail cuisneáin, tuaslagóirí, cùr agus spraeanna aerasóil. Tá jab fíorthábhachtach ag an gciseal ózóin, mar atá, muid anseo ar Domhan a chosaint ar an iomarca radaíochta ón nGrian. **Ní tanú i gcodanna den chiseal ózóin is cúis leis an téamh domhanda nó an t-athrú aeráide. Ach d’fhéadfadh an téamh domhanda moill a chur ar phróiseas deisithe nádúrtha an chisil ózóin** – mar sin, a mhalairt atá i gceist ná mar a cheapann daoine. Cé go mbíonn an stratam atmaisféarach is gaire don Domhan á théamh ag an téamh domhanda, dá bharr sin, bíonn an ciseal ózóin á fhuarú ag an téamh domhanda, caillteanas ózóin an toradh atá air sin.

Crios Chinnín Óir

Díreach mar atá i scéal na hóige, tá an Domhan suite i limistéar ar a nglaoitear Crios Chinnín Óir. Cosúil le leite Chinnín Óir, tá teocht an Domhain díreach ceart; níl sé róthe agus níl sé rófhuar. Tá sin rithábhachtach mar ligean sé d’uisce leachtach a bheith ar an bpláinéad seo.


Cad eile is eol dúinn faoi shuíomh an Domhain i gcomparáid leis an nGrian?

Is fad athraitheach a bhíonn idir an Ghrian agus an Domhan mar gluaiseann an Domhan ar fithis timpeall na Gréine gach 365.24 lá, agus ní ciorcal foirfe é an chonair, ach ceann éilipseach.

I mí Iúil, bhí an Domhan thart ar 5,000,000km níos faide ón nGrian ná i mí Eanáir. Aon duine a bhfuil cruinneog feicthe in airde aige ná aici i seomra ranga, tuigfidh siad go bhfuil an Domhan claonta ar a ais. Is é an claonadh 23.5 céim sin is cúis leis na séasúir a bhíonn againn; nuair atá an leathsféar thuaidh claonta i dtreo na gréine i mí Iúil, bíonn an samhradh againn, agus toisc go bhfuil an leathsféar theas claonta ar shiúl ón ngrian, bíonn an gheimhreadh ann.




<https://climate.ncsu.edu/edu/Tilt>



An Iarmhairt Ceaptha Teasa

Coinníonn atmaisféar an Domhain dromchla an phláinéid thart ar **30 céim níos teo** ná mar bheadh sé, glaoitear an **iarmhairt cheaptha teasa nádúrtha air sin**. De réir mar a **shroicheann radaíocht gréine nó ghearrthoinne** na gréine an domhan, déantar thart ar **30% de a fhrithchaitheamh** ar ais sa spás, **súnn an t-atmaisféar 20% de** agus bíonn an chuid eile súite ag an talamh agus na farraigí; ach braitheann sin ar fhrithchaiteacht an atmaisféir agus an dromchla.


BÍONN FRITHCHAITHEAMH I GCEIST I GCÁS OIGHEAR GEAL BÁN, FÁSAIGH AGUS SCAMAILL, AGUS BÍONN SÚ I GCEIST I GCÁS FORAOISÍ DORCHA, PORTAIGH AGUS AIGÉIN DHOIMHNE.



Gabhaimis ar ais chuig an iarmhairt cheaptha teasa; chun é féin a fhuarú, déanann an domhan radaíocht fhadtoinne a fhrithchaitheamh ar ais sa spás, i riocht cothromaíochta atá seasmhach ach cigilteach freisin; ach ní théann ach 10% de sin tríd an atmaisféar. Bíonn an chuid eile súite ag scamail agus Gáis Ceaptha Teasa agus déantar é a athscaoileadh ansin i ngach treo; cuirtear thart ar 50% de ar ais i dtreo dhromchla an domhain arís, agus is é sin is cúis leis an iarmhairt cheaptha teasa nádúrtha agus teocht dromchla níos teo ar an Domhan. An fhadhb ná go bhfuil an iarmhairt cheaptha teasa sin á neartú ag an duine daonna, de réir mar a leanaimid de thonaí breoslaí iontaise a dhó agus méideanna gás ceaptha teasa a scaoileadh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe; sna 6 mbliana seo caite féin, tá an churiarracht sáraithe i dtaca le hastaíochtaí domhanda CO₂ gach uile bhliain.

An Timthriall Carbóin

Is féidir linn anseo príomhghnéithe an timthrialla carbóin ar an Domhan a fheiceáil, a chuimsíonn na gnéithe nádúrtha a bheadh ann gan daoine daonna (mar shampla, fótaisintéis agus riospráid), agus an dianscaoileadh astaíochtaí CO₂ nuair a bhíonn breoslaí iontaise á ndó. I measc na ngníomhaíochtaí eile a mbíonn iarmhairt cheaptha teasa mhéadaithe nó minádúrtha ann mar thoradh orthu, tá tógáil beostoic agus dífhoraísiú.



ÓS RUD É GO BHFUIL A FHÍOIS AGAINN ANOIS GO BHFUIL CARBÓN AG BOGADH AR FUD ATMAISFÉAR AN DOMHAIN, CÉN COMHDHÉANAMH ATÁ AG AN ATMAISFÉAR, DAR LEAT?

Tá 5 phríomhchiseal in atmaisféar an Domhain, a leathnaíonn os cionn an dromchla, agus dá airde iad is ea is tanaí atá siad. Is iad na cúig chiseal ná: trópaisféar, strataisféar, méisisféar, teirmisféar agus eisisféar.

Cuimsítear san atmaisféar na gáis bhuana nítrigin (78%), ocsaigin (21%) agus argón (0.9%), chomh maith le méideanna éagsúla gás ceaptha teasa.



<https://earthobservatory.nasa.gov>



Cad iad na Gáis Ceaptha Teasa phríomha?

Is é ceo uisce (H_2O) an gás ceaptha teasa is flúirsí, agus ina dhiaidh sin, dé-ocsaíd charbóin (CO_2), meatán (CH_4), ocsaíd níotriúil (N_2O) agus ansin gáis shintéiseacha fhlúairínithe (mar shampla, na CFCanna a luamar thuas).


Bíonn céatadáin na ngás ceaptha teasa ag athrú go laethúil, go séasúrach agus go bliantúil, agus tá airíonna fisiceacha agus ceimiceacha acu a chuireann iallach orthu idirghníomhú leis an radaíocht ghearrthoinne agus fhadtoinne (nó teas) a thugann an domhan uaidh, agus bíonn tionchar aige sin ar chothromaíocht fuinnimh na cruinne. Ar an ábhar sin, tá an-chuid airde á tabhairt ag eolaithe ar an méadú atá tugtha faoi deara ar gháis ceaptha teasa amhail dé-ocsaíd charbóin agus meatán, mar cé go bhfuil méideanna sách beag ag baint leo, d'fhéadfaidís dul i bhfeidhm go láidir ar an gcothromaíocht fuinnimh agus an teocht dhomhanda le himeacht ama. Tá meatán thart ar 25-30 uair níos cumhachtaí agus níos éifeachtaí ó thaobh an teas a cheapadh ná dé-ocsaíd charbóin!



<https://climate.ncsu.edu/edu/Composition>

Anseo in Éirinn, eascraíonn mórchuid dár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tionscal talmhaíochta, agus ina dhiaidh sin, ó na réimsí iompair agus fuinnimh (GCC 2015). Is ó dhó breoslaí iontaise ar an bhformhór, mar shampla, gual, ola, gás agus móin, a thagann dé-ocsaíd charbóin. Scaoiltear freisin í tríd na próisis dífhoraíochta agus uirbithe. Is iad ainmhithe feirme, aoileach agus leasachán na príomhfhoinsí meatáin agus ocsaíde nítríúla.


FOINŚÍ GÁS CEAPTHA TEASA



Foinse: www.epa.ie/media/infographic_climate_July2017.pdf

An Cruthúnas!

Breathnaímis i dtús báire ar leibhéil CO₂ an atmaisféir 400,000 ó shin. An féidir libh ar fad an pátrún a fheiceáil a tharlaíonn thart ar gach 100,000 de bhlianta? Cén fáth a bhfuil sin ag tarlú, dar libh? Smaoinigh faoi fhithis éilipseach an Domhain agus an chaoi a n-athraíonn sí... tá na hathruithe sin ag teacht, a bheag nó a mhór, lenár n-oighearaoiseanna. Agus i do thuairimse, cad ba chúis leis an ardú géar roimh 1950, nach raibh a leithéid feicthe riamh roimhe? Is mar thoradh ar an dúshaothrú agus dóchán dian breoslaí iontaise ó bhí an Réabhlóid Thionsclaíoch ann atá na leibhéil CO₂ tar éis ardú thar na bearta go dtí os cionn 400cms (codanna sa mhilliún).



Foinse: J.R. Petit et al.; NOAA Mauna Loa CO₂ Record.

- Le 200 bliain anuas, tá méadú 40% ar dé-ocsaíd charbóin, méadú 150% ar mheatán agus méadú 20% ar ocsaíd nítriúil. Tá na gáis ceaptha teasa sin níos airde anois ná mar a bhí le breis is 800,000 bliain.
- Tá aimhrialtacht teochta shoiléir le feiceáil ó 1880 go dtí an lá atá inniu ann, a léiríonn go bhfuil teocht dhromchla an Domhain tar éis ardú faoi 0.84 céim Celsius. Má dhéanann tú an t-ardú tobann ar an teocht a iniúchadh, chomh maith leis na leibhéil mhéadaithe gás ceaptha teasa, beidh tú in ann comhchoibhneas soiléir a fheiceáil.
- Na daoine a shéanann go bhfuil an aeráid ag athrú nó atá amhrasach faoi, bíonn siad ag rá gur ar an nGrian atá an locht, ach d'fhan an meán-aschur fuinnimh measartha seasmhach idir 1980 agus 2005, mar sin, ní hí an Ghrian is cúis leis an méadú atá ag teacht ar an teocht dromchla dhomhanda.
- De bharr meascán d'oighear farraige atá ag leá agus teochtaí farraige méadaithe, tá an t-uisce ag méadú, agus mar sin tá ardú suntasach ar leibhéal na farraige. Ó 1993 go dtí 2016, ba é 3.41mm an ráta ardaithe bliantúil.



Íoslódáil na nótaí múinteora iomlána a ghabhann le gach sleamhnán anseo: <https://tinyurl.com/ybl4toqx>



Téigh siar go dtí na ceisteanna ar leathanach 14 le do rang.

COMHRÁ FAOIN AERÁID AGUS CÁCA



NÍ MÓR DÚINN LABHAIRT FAOIN ATHRÚ AERÁIDE!

Gach lá ar an nuacht, feicimid teagmhais adhaimsire, daoine á n-easáitiú óna mbailte nó teicneolaíocht ghlas iontach éigin, ach is annamh a chloisimid na focail athrú aeráide.

Is é aidhm na gníomhaíochta seo é sin a athrú, agus do dhaltaí a chur ag caint faoin athrú aeráide san am i láthair, agus ní hamháin an chaoi a rachaidh sé i bhfeidhm ar na glúine atá romhainn, ach conas atá sé ag dul i gcion orainne anois láithreach. Is é aidhm aon chomhrá faoin aeráid ná teacht le chéile chun dreas cainte a dhéanamh agus cupán tae a ól (agus píosa cáca freisin b'fhéidir!) agus iniúchadh a dhéanamh ar na bearta is féidir linn a chur i bhfeidhm i gcomhar le chéile chun moill a chur ar an athrú aeráide.

Céim 1: Comhoibriú

Bíodh an comhrá chomh mór agus chomh beag agus is mian leat. Cé leis a bhféadfá comhoibriú chun comhrá a óstáil i do scoil? Ar mhaith leat go ndéanfaí istigh sa scoil féin é i do rang nó an bhféadfá cuireadh a thabhairt do rang ábhair eile, do scoil áitiúil eile, do ghnóthas, d'ionadaithe Bailte Slachtmhara nó don choláiste áitiúil?

Céim 2: Cruthaigh an spás

D'fhéadfaí comhrá aeráide a eagrú i rith maidin chaife, tionól ag am lóin nó sa rang féin. Spás fáilteach neamhfhoirmiúil teolaí is cóir a bheith ann ó cheart, ina leanfaidh an comhrá go héasca agus ina gcloisfear glór gach duine. Bíodh bileoga móra páipéir athchúrsáilte agat, chomh maith le blúirí páipéir agus clár bán chun na príomhphointí a thaifeadh.

Céim 3: Cuir tús leis an gcomhrá

Is spás é an comhrá inar féidir machnamh a dhéanamh mar dhaoine aonair agus i dteannta a chéile. Is féidir leat an próiseas agus na ceistanna a chur in oiriúint d'fhócas do ghrúpa féin.

- Tabhair cuireadh do gach duine smaoineamh gan labhairt, 'cén fáth a gceapann tú go bhfuil an t-athrú aeráide ag tarlú?'
- Agus iad ag obair ina bpéirí, tugann gach duine a fhreagra agus fiosraíonn an duine eile 'Ach cén fáth?' larr ar na péirí a smaoine a chur in iúl do gach duine ag an mbord. Cé na pointí tosaigh a bhí ag daoine? Cár chríochnaigh siad? Taifead na cúiseanna leis an athrú aeráide a d'aithin gach bord.
- Smaoinigh ar cá háit agus conas a fheiceann tú na cúiseanna sin i do shaol féin, sa scoil nó sa phobal áitiúil. Tabhair cuireadh

do gach duine na naisc sin a thabhairt le fios.

- Smaoinigh anois ar aon uair a bhí tionchar ag an athrú aeráide ort nó a chuala tú faoina thionchar, b'fhéidir, i do shaol féin, sa scoil nó sa phobal áitiúil. Samplaí de sin ná gearradh cumhachta de bharr stoirmeacha, damáiste mar thoradh ar thuilte, ganntanas uisce i rith triomaigh, dúnadh bóithre/scoileanna srl.
- Cé na bearta athraithe aeráide pearsanta nó áitiúla a d'fhéadfadh an grúpa cur i bhfeidhm chun cuid de na bunchúiseanna atá aitheanta acu a mhaolú? Conas a d'fhéadfadh an grúpa dul i dtaithí ar iarmhairtí an athraithe aeráide? Tabhair cuireadh do gach péire a smaoine deiridh a thabhairt le fios, teachtaireacht chlabhsúir, réitigh mholta nó rud éigin a mbeidh tuilleadh iniúchta/foghlama á dhéanamh acu faoi. Féach leathanach 32 i gcomhair sampla de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Fáiltigh roimh gach duine chuig an gcomhrá faoin aeráid agus cuir na prionsabail is bonn le comhrá maith i láthair:



- Aithnímid gur mar a chéile sinn ar fad, déanaimid iarracht a bheith fiosrach faoina chéile i gcónaí
- Aithnímid go dteastaíonn cabhair uainn óna chéile chun a bheith in ann éisteacht níos fearr le chéile
- Cuirimid moill orainn féin ionas go mbeidh an t-am againn smaoineamh agus machnamh, tá a fhios againn go mbeadh rudaí trí chéile anois is arís
- Cuimhnímid gurb é comhrá an bealach nádúrtha a mbíonn daoine ag smaoineamh le chéile

Foinse: Margaret Wheatly (2009: 33) 'Turning to one another: simple conversations to restore hope to the future'.



CAIBIDIL 4



Torthaí Foghlama

O.S.S.P. Gníomh don Snáithe Saoránachta Domhanda: Eagraigh díospóireacht faoi cheist forbartha áitiúil nó domhanda, ar cúis inní í.

Béarla W3: Scríobh i gcomhair réimse éagsúil cuspóirí, mar shampla, chun anailísiú, samhlú, iniúchadh a dhéanamh, daoine a mhealladh, daoine a chur ag gáire, scéal a insint, míniú, áitiú, cur ina luí ar dhaoine, cáineadh, agus ráiteas a dhéanamh faoina bhfuil cloiste, feicthe agus léite acu.

Béarla GL1: Bí ar an eolas faoi na coinbhinsiúin a bhaineann le hidirghníomhú cainte i gcomhthéacsanna éagsúla, lena n-áirítear grúpaí ranga, i gcomhair réimse leathan cuspóirí, mar shampla, faisnéis a iarraidh, tuairim a chur in iúl, éisteacht le daoine eile, rudaí a thabhairt le fios, míniú, áitiú, cur ina luí ar dhaoine, cáineadh, ráiteas a dhéanamh, scéalta a insint, samhlú agus a bheith ag tuairimíocht.

CARTÚIN AERÁIDE

Is minic a chuirtear faisnéis faoin athrú aeráide in iúl trí léachtaí, graif agus cairteacha fadálacha nó i dteanga a d'fhéadfadh a bheith deacair le tuiscint ná díreach leadránach dóibh siúd nach bhfuil baint acu leis an pobal eolaíochta.

Sa ghníomhaíocht seo, beifear ag breathnú ar mhodhanna cumarsáide nuálacha chun aird na ndaltaí a tharraingt ar an athrú aeráide.

Bris do rang ina thrí ghrúpa agus iarr ar gach grúpa staidéar a dhéanamh ar cheann de na cartúin ar an gcéad leathanach eile ar feadh 10 nóiméad, agus ansin pléigh na ceistanna spreagtha thíos.

CEISTEANNA:

- Cad iad na príomhtheachtaireachtaí a chuirtear i láthair sa chartún?
- Cé na sonraí is tábhachtaí sa chartún?
- Déan cur síos don dá ghrúpa eile ar chartún do ghrúpa, gan an cartún a thaispeáint dóibh.
- Cén lucht féachana is mó a n-oirfeadh an cartún dó, dar leat?
- Dá mbeadh ort teideal a cheapadh don chartún, cad a bheadh ann agus cén fáth?

VÓTA SIÚIL

Cuir na trí cartúin i gcúinní éagsúla den seomra agus fiafraigh den rang cén rud is éifeachtaí, dar leo, i dtaobh aird an léitheora a dhíriú ar an athrú aeráide? Tar éis dóibh vóta a chaitheamh trí shiúl chuig an gcartún is fearr leo, pioc dalta ón ngrúpa is lú agus spreag é nó í a rogha a mhíniú d'fhonn cur ina luí ar dhaoine eile teacht leis nó léi. Déan amhlaidh le gach grúpa, agus tabhair deis dóibh bogadh gach uair, agus ansin déan na vótaí a chomhaireamh. Tóg

an cartún ag a bhfuil na vótaí is mó, agus tabhair rogha do na daltaí ceann de na gníomhaíochtaí forlíontacha thíos a líonadh isteach.

BÍ CRUTHAITHEACH

Drámaíocht

Bain leas as cartún amháin mar inspioráid chun sceitse gearr a chur i láthair.

Ealaín agus Teangacha

Tarraing stiallghreannán faoin aeráid nó scríobh scéal gearr faoin aeráid, ina bhfuil cartún amháin mar phointe tosaigh, láir nó deiridh.



Tóg sracfhéachaint ar an ngreannán Spriocanna Domhanda "Chakra The Invincible Fights Climate Change":


<https://tinyurl.com/yd3vyv6u>

Chun teacht ar a thuilleadh léaráidí agus gearrscéalta iontacha ón scríbhneoir Oisín McGann, téigh chuig:


<http://globalweatherstations.com/?author=9&lang=en>

CARTÚIN AERÁIDE

Na huimhreacha faoi chaibidil



Téigh trasna an droichid sin



Séanadh





CAIBIDIL 5



Torthaí Foghlama

Eolaíocht 1.8: Déan measúnú ar argóintí bunaithe ar na meáin, a bhaineann leis an eolaíocht agus an teicneolaíocht.

Eolaíocht 1.6: Déan taighde i dtaca le ceist eolaíoch, déan foinsí eolais éagsúla a mheas, lena n-áirítear sonraí tánaisteacha, agus cuimhnigh go bhféadfadh easpa sonraí a bheith i bhfoinse nó go mbeadh an fhoinse claonta.

IS RUD PEARSAANTA É AN TATHRÚ AERÁIDE



Is minic a fhéachtar ar an athrú aeráide mar fhadhb theibí a bhaineann leis an todhchaí, nach bhfuil aon tionchar aici orainne in Éirinn san am i láthair.

Measann daoine uaireanta go bhfuil sé rómhór le samhlú nó le dada a dhéanamh faoi. Sa cheacht seo, breathnaímid ar an gcaoi a bhfuil an fhilíocht in ann an bhearna a sháru agus an t-athrú aeráide a thiontú ina cheist inbhraite den lá inniu a gcaithfidh do dhaltaí tuiscint a fháil air.

Léigh an dán ar an taobh eile den leathanach, a scríobh dalta Scoileanna Glasa agus Ambasadóir Aeráide, agus déan machnamh ansin le do rang ar na ceisteanna spreagtha ar an gcéad leathanach eile.

O.S.S.P. Gníomh don Snáithe Saoránachta Domhanda: Bain leas as an teicneolaíocht dhigiteach agus/nó modhanna eile chun feasacht a ardú faoi ceist forbartha áitiúil nó domhanda.

OSSP 3.12: Déan iniúchadh ar chás-staidéir ar úsáid meán digiteach nó eile i ngluaiseacht comhshaoil.

Béarla GL8: Bí ag éisteacht go gníomhach chun ciall a bhaint as drámaíocht, filíocht, craoltaí meán, na meáin dhigiteacha, agus chun iad a chur i gcomparáid le chéile agus a n-éifeachtacht a mheas; tabhair do d'aire ar bhealach córasach príomhsmaointe, stíl, ton, ábhar agus an tionchar foriomlán.

Béarla GL5: Cuir téacs gearr i láthair ó bhéal, leat féin nó i gcomhpháirt le daoine eile, agus bain leas as teanga, stíl agus ábhar físiúil cuí le haghaidh luchtanna féachana ar leith agus sainchuspóirí roghnaithe.

THE ASCENSION OF THE DOVE

The echo of the saw,
The tree tumbling with a thud.
How sad all this, I thought.

Plastic penetrating the ocean blue,
Perhaps this could be a cue,
For us to finally step aback,
And ponder at what we've got.

Now hares have lost the race,
Turtles are stuck in place.
They light their pipes to pass the time,
We are only beginning to see the crime.

The dove choked on black slime,
We have not risen to our prime.

One day we shall rise,
And overturn our planet's demise.
The pearl will be saved,
Our chains broken,

And the dove will ascend,
To light the way.

Shall we show our inner might?
And build a world of light?
There will be no more fear,
no more inaction, dear.

Rise, rise,
Step up to the mark,
Your mind will be your guide,
Listen to the whisper,
The whisper of the right.

Le Marek Zbanski, dalta idirbhliana i gColáiste Chríost Rí, Corcaigh, 2018.

IS RUD PEARSANTA É AN TATHRÚ AERÁIDE




FIAFRAIGH DÍOT FÉIN:

1. **Dá mbeadh ort do theach a fhágáil, agus ní raibh cead agat ach trí rud a thabhairt leat, cad a thabharfá?** Déan iarracht rudaí a phiocadh a úsáideann tú gach lá. Smaoinigh ar an gcaoi a gcuirfeá síos ar na rudaí sin gan iad a ainmniú.
2. **Dá gcaillfeá do theach de bharr tuile, cén dá rud a bheifeá ag iarraidh a shábháil?** Dá gcaillfí na rudaí sin, céard a bheadh caillte agat, conas a rachadh sin i gcion ort?
3. **Roghnaigh rud amháin agus déan dán, amhrán nó rap a chumadh faoin rud a roghnaíonn tú gan cailleadh mar thoradh ar an athrú aeráide.**

Seo roinnt leideanna duit chun cabhrú leat do dhán a chumadh:

- Coinnigh pearsanta é – tá sé níos suimiúla má bhaineann sé le do shaol laethúil.
- Má dhéanann tú loinneoga a athrá go minic, leagfaidh sin béim ar do phointe.
- Ní gá duit rím a dhéanamh!
- Tá cead agat focail bhéarlagair, nathanna nó focail ó theangacha eile a úsáid.
- Déan iarracht leas a bhaint as na céadfaí: radharc, fuaim, boladh, tadhall agus blas.

Curtha in oiriúint ó: www.capefarewell.com/switch/teachers/



Roinn do Theachtaireacht

B'AOIBHINN linn cloisteáil ó do rang má tá tú sásta do dháta, rapcheol nó amhrán a roinnt faoi na rudaí a roghnaíonn tú gan cailleadh mar gheall ar an athrú aeráide. Bí i dteagmháil linn ar na meáin shóisialta via Twitter, Instagram nó Facebook agus úsáid an haischlib #greenschools. De rogha air sin, d'fhéadfá ríomhphost a chur chugainn ag greenschools@antaisce.org

Bí Cróga!

Iarr orthu ar mhaith le haon duine a phíos a chur i láthair tríd an idirchum, ag tionól scoile nó i bhfoirm phríontáilte sa nuachtán scoile.



Breathnaigh ar an bhfíseán George The Poet presents 'A Climate of Change':
www.youtube.com/watch?v=kfEF_P73RE0

CLIMACOM

Anois agus iniúchadh déanta ag an rang ar chumhacht na gné pearsanta a bhaineann leis an athrú aeráide, is mithid dul ar ais go dtí an prezí i gcaibidil 3 agus leanúint ar aghaidh go dtí an chuid físeáin ‘Cumarsáid faoin Aeráid’:



<https://tinyurl.com/y87pck8j>



1. Is minic a léiríonn na meáin an t-athrú aeráide mar dhiospóireacht, agus ‘eolaí’ amháin ar gach aon taobh di. Ach níl sin ionadaíoch maidir leis an bpobal eolaíoch agus an comhaontú ollmhór atá sroichte acu. **Féach ar ‘Last Week Tonight with John Oliver: A Statistically Representative Climate Change Debate’.**
2. Ar an drochuair, an 3% úd a shéanann gurb ann don athrú aeráide, tá glór ard acu agus tá siad breá saibhir. **Féach ar ‘Late Night with Seth Meyers: Sceptic Senator Ted Cruz terrifies a 3-year-old girl’.**
3. Ní polaiteoirí agus Uachtaráin i Meiriceá amháin a shéanann an t-athrú aeráide! Féach ar **‘An Dáil: Séanann Danny Healy Rae gurb ann don athrú aeráide’.**
4. Tá cur chuige núíosach á ghlacadh ag roinnt rialtas i dtaobh aird an phobail a tharraingt ar an athrú aeráide. **Féach ar ‘Save the PIZZA!’ arna léiriú ag Bensimon Byrne le haghaidh Ontario MOECC**
5. Tá daoine cáiliúla áirithe ag úsáid a nglór agus a dtionchar chun feachtas faoin athrú aeráide a ardú. An féidir leat smaoineamh ar aon daoine cáiliúla eile nó daoine atá aitheanta ar YouTube a bhaineann leas a gcainéil chun a n-imní faoin athrú aeráide a chur in iúl? **Féach ar ‘Leonardo DiCaprio’s Oscar Award Speech’ ina labhraíonn sé faoin athrú aeráide in 2016.**

Déan cuid de na físeáin sin nó iad uile a mheas agus déan na hargóintí poiblí agus eolaíocha ginearálta ar son agus in aghaidh an athraithe aeráide a iniúchadh, ach cuimhnigh freisin go bhféadfadh sonraí a bheith in easnamh i bhfoinse nó d’fhéadfadh go mbeadh sí claonta.

Céard é an bealach is fearr a d’fhéadfá an t-athrú aeráide a chur in iúl do chara, siblín níos óige nó tuismitheoir? Cé na modhanna éifeachtacha a d’úsáidfeá, ag brath ar an duine a bhfuil tú ag labhairt leis ná léi? I ngrúpaí de cheathrar, roghnaigh lucht féachana cuí agus forbair teachtaireacht faoin aeráid a oireann don lucht féachana sin. D’fhéadfadh sin a bheith ina fhíseán, fógra, dán, rap, scéal, amhrán nó damhsa! Seo a leanas roinnt leideanna cumarsáide luachmhara:

- **Ó thaithí:** Cad é do scéal? Réitigh an bealach, tabhair léargas!
- **Fiúntach:** Céard é cuspóir an fheachtais/fhógra?
- **Mealltach:** Cé hiad do lucht féachana sprice? Céard iad na rudaí a bhfuil spéis acu iontu?
- **Dóchasach:** Céard é go ghairm chun gnímh? Coinnigh gearr é!



Fiosraigh Young Reporters for the Environment agus iontráil do Climacom: www.yreireland.org

CAIBIDIL 6



Torthaí Foghlama

Tíreolaíocht 1.8: Sonraí faoin aimsir a bhailiú, a thaifeadh agus a léirmhíniú.

Tíreolaíocht 1.6: Déan clíomai an domhain a rangú agus anailísigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar an aeráid in Éirinn.

Eolaíocht 1.4: Cruthaigh agus roghnaigh sonraí, anailísigh sonraí go criticiúil chun pátrúin agus gaolta a shainaithint, barúlacha aimhrialta a phiocadh amach, agus tátail a bhaint agus iad a chosaint.

TARRTHÁIL AIMSIRE

Dá mhéad tuisceana atá againn ar shonraí stairiúla aimsire, is ea is fearr atáimid in ann breathnú ar aon athrú reatha agus é a léirmhíniú, agus cuireann sin ar chumas na n-eolaithe treochtaí todhchaí a mhapáil trí leas a bhaint as samhlacha ríomhaire den chineál is nua-aimseartha.

Tromlach na dtaifead roimh 1950, ní dhearnadh iad a dhigitiú, cé go bhfuil tuairiscí Eorpacha laethúla ag Met Éireann a théann siar chomh fada le 1860. Seo an uair a thabharfaidh sibhse, na hEolaithe is Saoránaigh, tarrtháil in am an ghátair!

"DE RÉIR MAR A ÉIRÍONN AN DOMHAN NÍOS TEO, BHEIMIS AG SIÚL GO N-ATHRÓDH MINICIÓCHT CINEÁLACHA ÁIRITHE ADHAIMSIRE, AGUS SOLÁTHRÓIDH NA SONRAÍ SIN BONNLÍNE A CHABHRÓIDH LINN NA HATHRUITHE ÚD A THOMHAS. AN FÉIDIR LEAT CÚNAMH A THABHAIRT DÚINN CHUN NA BREATHNUITHE SIN A THARRTHÁIL AGUS UAILLMHIANNA NA MEITÉAREOLAITHE TIOMANTA ÚD A MHAIR NÍOS MÓ NA CÉAD Ó SHIN A CHOMHLÍONADH?"

Cé na haonaid a d'úsáid siad leis an aimsir a thomhas?

Déantar an bháisteach a thomhas in orlaí, tá an teocht in Fahrenheit, agus is orlaí mearcair (orl/Hg) a bhíonn in úsáid i gcás brú. Déanfaidh Ed Hawkins agus a fhoireann na tomhais uile a thiontú (mm, Celsius agus mb) mar chuid den phróiseáil sonraí. Téigh anonn chuig an tairseach eolaíochta **Zooniverse Citizen**, líon isteach an mear-rang teagaisc in éineacht le do rang agus tosaigh ag rangú:



www.zooniverse.org/projects/edh/weather-rescue

Tá Ed Hawkins tar éis **GIFanna bíse aeráide** a chruthú chun cabhrú linn an t-athrú ar an teocht dhomhanda, an t-ardú ar dhé-ocsaíd charbóin san atmaisféar, agus an caillteanas oighir san fharraige artach a shamhlú. Tóg sracfhéachaint ar na beochaintí in éineacht le do dhaltaí tar éis duit cuid de na sean-taifid aimsire a rangú:



www.climate-lab-book.ac.uk/spirals/

Seo sampla de shean-taifead aimsire ón tionscadal Tarrtháil Aimsire

	Max	Min	[ignore]	[ignore]	Rainfall
Paris	58°	47	*	*	0.35
Belfort... ..	64	39	*	*	0.20
Lyons	63	38	*	*	0.16
Nice	57	43	*	*	0.59
Perpignan ...	66	48	*	*	0.04
Sanguinaire ...	7	?	*	*	0.32
Corunna			*	*	
Lisbon	57	50	*	*	
Azores (P. Delgada)...	63	55	*	*	
" Horta	64	56	*	*	

Subject 21500886
30 March 1909 (daily values)

SONRAÍ FAOIN AERÁID



Tá Met Éireann tar éis sonraí stairiúla faoin aimsir a chur ar fáil, agus tabharfaidh sin deis duit sonraí cainníochtúla áitiúla a roghnú, agus cuirfidh ar chumas do dhaltai pátrúin a anailisiú go criticiúil agus aimhrialtachtaí a shainaithint. Ligfidh sin dóibh a dtátail féin a bhaint as na síorathruithe ar an aeráid i do chontae féin. Ba ghníomhaíocht iontach é sin i rang Mata, go háirithe i rith na Seachtaine um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chlár na Scoileanna Glasa!

Tá an tacar sonraí do Bhaile Átha Cliath (Glas Naíon) ó 01/01/1961 go dtí 31/12/2017 íoslódáilte againn agus caoi curtha air le go gcuimseodh sé báisteach laethúil, uasteochtaí agus íosteochtaí. Sa líne-chairt shamplach thíos, feicfidh tú an mheánteocht (°C) i mBaile Átha Cliath ó 1970 go dtí 2000.

Agus sibh ag obair mar rang, déan clíomaí an domhain a rangú le chéile, agus anailísigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar an aeráid in Éirinn. Ansin brisigí in bhur bpéirí agus tosaigh ag dul tríd na ceisteanna seo a leanas:

CEISTEANNA:

1. Cén stáisiún aimsire a bhfuil a thorthaí á n-anailisiú agat?
2. Cén raon dátaí a bhfuil sonraí aimsire á léirmhíniú agat lena aghaidh? Tabhair do d'aire gur chóir duit 30 bliain ar a laghad a roghnú sular féidir leat an téarma 'sonraí aeráide' a úsáid.
3. Cé na catagóirí ar a bhfuil tú ag díriú (is é sin, báisteach, teocht srl.)?
4. Cén mhinicíocht de shonraí atá in úsáid agat (is é sin, san uair, sa lá, sa mhí)?
5. Cén dáta, mí nó bliain a thaifid an luach is airde i ngach ceann de na catagóirí atá á n-iniúchadh agat?
6. Cén dáta, mí nó bliain a thaifid an luach is ísle i

ngach ceann de na catagóirí atá á n-iniúchadh agat?

7. Cruthaigh léiriú físiúil in Excel chun do thacar sonraí a thaispeáint (is é sin, líne-chairt, barrachairt nó cairt limistéir).
8. An bhfuil aon phátrúin tugtha faoi deara agat i do thacar sonraí?
9. An bhfuil aon aimhrialtachtaí tugtha faoi deara agat i do thacar sonraí? An chiall atá le haimhrialtacht ná rud éigin difriúil leis an rud a bhíodhas ag súil leis, nó athrú ar phátrún.
10. Bain tátaí bunaithe ar d'anailís ar na sonraí.

Más maith leat go ndéanfadh do rang anailís ar na sonraí loma in Excel, is féidir leat iad a íoslódáil ó láithreán gréasáin Chlár na Scoileanna Glasa:




www.greenschoolsireland.org/resources/

De rogha air sin, más rud é gurbh fhearr leat láthair dhifriúil a roghnú atá suite níos gaire do do scoil, tabhair cuairt ar leathanach sonraí stairiúla Met Éireann agus roghnaigh an stáisiún is fearr leat:



www.met.ie/climate/available-data/historical-data

Average Temperature (C) in Dublin 1970-2000



CLÁR GLOBE

Ba chóir do mhúinteoirí agus do dhaltai a bhfuil spéis acu i dtionscadail um eolaíocht saoránach iniúchadh a dhéanamh ar **Chlár GLOBE** (Foghlaim agus Breathnuithe Domhanda Chun Tairbhe an Chomhshaoil).

Is clár idirnáisiúnta eolaíochta agus oideachais é GLOBE, arna stiúradh ag NASA, a thugann an deis do dhaltai agus don phobal páirt a ghlacadh sa bhailiú sonraí agus sa phróiseas eolaíoch, agus cion fiúntach a dhéanamh ar mhaithe lenár dtuiscint ar chóras an Domhain agus an timpeallacht dhomhanda.

Bíonn GLOBE in Éirinn á chomhordú ag Aonad Oideachais Comhshaoil An Taisce, i gcomhpháirt leis an GCC. Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun rochtain a fháil ar acmhainní agus thacaíocht.



CLÁR GLOBE



Tabhair cuairt ar: www.globe.gov/join/become-a-globe-teacher

CAIBIDIL 7



Torthaí Foghlama

Tíreolaíocht 1.9: Déan idirdhealú idir na cineálacha acmhainní fuinnimh a bhíonn á dtáirgeadh sa domhan fisiciúil.

Tíreolaíocht 2.2: Déan measúnú ar na hiarmhairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le dúshaothrú carraige agus acmhainní fuinnimh.

Eolaíocht 2.6: Déan taighde ar fhoinsí fuinnimh éagsúla; ceap barúil eolach ar na bealaí inar féidir riachtanais fuinnimh reatha agus todhchaí an Domhain a chomhlíonadh, agus cuir an

bharúil sin in iúl.

Eolaíocht 4.8: Déan taighde ar na ceisteanna eiteice/inbhuanaitheachta a eascraíonn as ár nginiúint agus ár n-idiú leictreachais, agus pléigh iad.

Eolaíocht 1.7: Eagraigh a dtaighde agus cuir in iúl é, agus fiosraigh na torthaí ar bhealaí éagsúla atá oiriúnach don fheidhm agus don lucht féachana, agus chuige sin, bain leas as téarmaíocht agus léiriúcháin eolaíocha ábhartha.

Béarla R2: Bí ag léamh ar chúiseanna éagsúla: foghlaim, pléisiúr, taighde, comparáidí a dhéanamh.

Béarla GL7: Roghnaigh teanga, stíl agus ábhar fisiciúil atá oiriúnach do luchtanna féachana agus cuspóirí roghnaithe ar leith: mealladh, cur in iúl, aithris, cur síos ar phróiseas

TAIGHDE AR AN AERÁID



Is é is bonn leis an gcaibidil seo ná a dtaighde féin a bheith á dhéanamh ag do dhaltai, bíodh sin sa leabharlann, ar líne nó trí agallaimh fiú. Seo a leanas roinnt nasc úsáideach:

Is tionscnamh Éireannach úrnua é an clár Ambasadóirí Aeráide, atá ceaptha tacú le daoine maidir le gníomhú ar son na haeráide agus oiliúint a chur orthu, agus tá leathanach iontach moltaí aige chun tacú le daoine gníomhú ar son na haeráide ina scoil, ina gcoláiste nó ina bpobal.

 <http://climateambassador.ie/actions/>

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freagrach as timpeallacht Éireann a chosaint, lena n-áirítear ceadúnú, dlí, planáil, oideachas, monatóireacht, rialú, taighde agus bainistiú.

 www.epa.ie/irelandsenvironment/climate/

Is é NASA ceann de na gníomhaireachtaí um thaighde aeráide is iomráití ar domhan, agus is é aidhm an láithreáin gréasáin Global Climate Change (Athrú Aeráide Domhanda) nuacht agus fisigh bheachta a thabhairt don phobal faoi na hathruithe atá ag teacht ar aeráid an Domhain.

 <https://climate.nasa.gov/evidence/>

Tá Treoracha Oideachais an BBC le haghaidh KS3 an-chosúil le Curaclam na Sraithe Sóisearaí, go háirithe an chuid faoi acmhainní fuinnimh, atá thar a bheith úsáideach.

 www.bbc.com/education/guides/zggk87h/revision/1

 Tabharfaidh an phostáil bhlag seo achoimre réasúnta maith duit, mar aon le naisc le faisnéis eile a bhaineann le tíortha ar leith i dtaca leis an bhfuinneamh in-athnuaite:
www.clickenergy.com.au/news-blog/12-countries-leading-the-way-in-renewable-energy/

CEISTEANNA:

1. Cuir dhá fhoinsé fuinnimh inathnuaite agus dhá fhoinsé breoslaí iontaise neamh-inathnuaite i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile, agus déan a mbuntáistí agus a míbhuntáistí a liostú.
2. Déan léaráid Venn chun iarmhairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta an dúshaothraithe carraige a mheas, agus chuige sin, úsáid breosla iontaise neamh-inathnuaite atá difriúil leis an gceann i gceist 1.
3. Faigh amach cé mhéad fuinnimh a theastaíonn ó Éirinn gach bliain. Cén céatadán de sin a ídionn an earnáil chónaithe? Cé mhéad leictreachais/gáis a úsáideann do theaghlach gach bliain?
4. Cá bhfaigheann Éire an fuinneamh a theastaíonn chun an t-éileamh reatha a shásamh? Is é sin, cad as a dtagann sé agus cén céatadán dár bhfuinneamh a thagann ó fhoinsí inathnuaite nó breoslaí iontaise neamh-inathnuaite?
5. Déan taighde ar thír nó chathair a fhreastalaíonn ar thromlach a héilimh ar fhuinneamh trí leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite dúchasach, is é sin, níl siad an-spleách ar iompórtálacha nó breoslaí iontaise. D'fhéadfaí na tíortha seo a leanas a chur san áireamh, mar shampla: Albain, an Íoslainn, an tSualainn, Cósta Ríce, an Iorua, Nicearagua, Uragua, an Ghearmáin, an Danmhairg, Maracó agus an Chéinia.

CUR I LÁTHAIR



Bris do rang suas ina thrí ghrúpa agus tabhair tionscadal do gach foireann le cur i láthair a dhéanamh air: go háitiúil, go náisiúnta nó go domhanda. Is féidir moltóireacht a dhéanamh ar na cuir i láthair sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- **Cruthaitheacht** – an bhfuil an cur i láthair á dhéanamh ar bhealach úrnua suimiúil?
- **Oiriúnacht an lucht féachana** – an bhfuil an lucht féachana meallta ag an eolas agus na smaointe atá á gcur i láthair?
- **Cruinneas eolaíoch** – an bhfuil sé indéanta nó dodhéanta?

TIONSCADAIL:

- **Go háitiúil:** Conas is féidir lenár Scoil Ghlas na riachtanais fuinnimh a chomhlíonadh go hinbhuanaithe faoin mbliain 2025?
- **Go náisiúnta:** Conas is féidir le hÉirinn freastal ar an éileamh ar fhuinneamh faoin mbliain 2030?
- **Go hidirnáisiúnta:** Conas is féidir leis an Domhan freastal ar an éileamh ar fhuinneamh go hinbhuanaithe faoin mbliain 2050?

De rogha air sin, má theastaíonn uait go n-oibreodh na daltaí ina n-aonair, rogha eile ná díriú ar a saol amach anseo.

- **Go pearsanta:** Cén chuma a bheidh ar mo shaol in 2030, ag glacadh leis go bhfuil na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe bainte amach, agus go bhfuilim ag obair go rathúil san Earnáil Fuinnimh Ghlain?

LEIDEANNA

Prezi: Má tá tú bréan de Powerpoint a úsáid, cén fáth nach mbainfeá triail as prezi!




Físeán: cruthaigh físeán nó taispeántas sleamhnán a bheidh ar siúl sa chúlra fad is a chuirfidh tú do smaointe i láthair.

Pictiúir: bain leas as pictiúir nó áiseanna amhairc eile chun do chur i láthair a fheabhsú agus chun cabhrú leis an lucht féachana a thuiscint cad faoi a bhfuil tú ag caint.

Teorainn focal: má tá prezi nó Powerpoint in úsáid agat, ná bíodh an iomarca téacs agat sna sleamhnáin, gearr siar ar théacs a oiread agus is féidir agus úsáid nótaí cainteora chun na bearnaí a líonadh isteach – déan iarracht gan léamh ó na sleamhnáin.

Muinín: breathnaigh sa tsúil ar do lucht féachana agus seas sa suíomh cumhachta – braithfidh tú go mbeifeá ábalta dúshlán an domhain uile a thabhairt!

Roinn do thionscadail i bhfad agus i ngearr! Bí cinnte agus @GreenSchoolsIre agus @climate_ambass a chlibeáil ar Twitter nó Facebook!



CAIBIDIL 8



Torthaí Foghlama

Tíreolaíocht 2.9: Déan na hidirghaolmhaireachtaí idir an domhan fisiceach, an turasóireacht agus an t-iompar a mheas.

Gníomh don Sháithe Saoránachta Domhanda OSSP: Tabhair cuireadh d'ionadaí polaitiúil áitiúil chun ceisteanna a fhreagairt faoi dhul i ngleic le cúis imní forbartha áitiúil nó domhanda.

Béarla GL4: Bí ag éisteacht go gníomhach chun éirim cuntais nó cuir i láthair a thuiscint, agus tabhair faoi deara na príomhphointí agus cuspóir a bhaineann leis.

TIONÓL NA SAORÁNACH

Ó bhí 2016 ann, tá modh ar leith ag Éirinn le dul i gcomhairle le muintir na tíre. Is é atá i dTionól na Saoránach ná grúpa 99 duine, iad roghnaithe go randamach, agus Cathaoirleach, a bunaíodh chun dearcadh an phobail a fháil amach agus chun machnamh a dhéanamh ar ghníomhú maidir le ceisteanna éagsúla.

Sa ghníomhaíocht sin, féachfar ar 'Cheannaire a dhéanamh d'Éirinn i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide' agus iarrfar ort dá réir machnamh a dhéanamh ar 'Conas is féidir lenár Scoil Ghlas a bheith ina cheannaire i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide?'

Conas is féidir leis an Stát ceannaire a dhéanamh d'Éirinn i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide?

Roghnaigh ceann de na téamaí seo a leanas le díriú air agus ansin féach ar na físeáin le do rang anseo:

 <https://tinyurl.com/yakq4b57>

Má tá cosc ar YouTube i do scoil, is féidir leat téama a phiocadh ón Tuairisc Dheiridh anseo:

 <https://tinyurl.com/ybhs6867>

Iompar (leathanaigh 76-80)

- Anne Graham, An tÚdarás Náisiúnta Iompair – Beartas Iompair in Éirinn
- An Dr Brian Caulfield, Coláiste na Tríonóide, BÁC – Dá mbeadh Éire ina Ceannaire
- Connie Hedegaard – Eispéireas na Danmhairge
- An tOll. Andrew Kerr – Eispéireas na hAlbain

Talmhaíocht, Bia agus Úsáid Talún (leathanaigh 80-86)

- Gary Lanigan, Teagasc – Beartas Talmhaíochta in Éirinn
- Andrew McHugh, Feirmeoir – Feirmeoireacht Chliste
- Iseult Ward, NéalBia – Scéal ár mBia
- Tony Garahy - Feirm Loch na Buaráí

Tar éis duit téama a roghnú agus féachaint ar an bhfíseán/na físeáin nó an sliocht as an Tuairisc Dheiridh a léamh, fiosraigh na ceisteanna seo a leanas le do rang:

1. Cén cainteoir/sliocht is fearr leat agus cén fáth?
2. An féidir leat smaoineamh ar aon cheisteanna ar mhaith leat a chur orthu dá mbeifeá i láthair ag Tionól na Saoránach?
3. Déan achoimre i d'fhocail féin ar an mBeartas Iompair nó Talmhaíochta.
4. Conas is féidir le hÉirinn a bheith ina ceannaire i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide, dar leat?
5. Conas is féidir le do Scoil Ghlas a bheith ina ceannaire i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide, dar leat?

Anois agus a fhios agat conas a fheidhmíonn Tionól na Saoránach, cén fáth nach n-eagrófa d'imeacht féin sa scoil agus cuireadh a thabhairt do roinnt ionadaithe polaitiúla áitiúla, cur i láthair a dhéanamh nó a bheith ar phainéal i gcomhair plé ginearálta ar an athrú aeráide, nó ar cheist a cúig thuas go háirithe:

Conas is féidir le do Scoil Ghlas a bheith ina ceannaire i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide?

CAIBIDIL 9



Torthaí Foghlama

OSSP: Gníomh don Snáithe Saoránachta Domhanda: tosaigh nó tacaigh le tionscnamh nó feachtas áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhfuil d'aidhm aige dul i ngleic le ceist forbartha áitiúil nó domhanda.

OSSP: 2.4: Pléigh ar a laghad trí straitéis um mhaireachtáil inbhuanaithe leo, ar féidir leo iad a chur i bhfeidhm ina saol féin.

OSSP: 2.10: Déan measúnú ar an gcaoi ar féidir leo a gcion féin a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán amháin atá roimh an domhan faoi láthair.

11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES



12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION



PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

Tá an Plean Gníomhaíochta seo ina bhunchloch de Chlár na Scoileanna Glasa agus is bealach iontach é le do dhaltáí a chumasú chun rud éigin praiticiúil a dhéanamh i ndáil lena bhfuil foghlamtha acu.

Sraith spriocanna tráthchláraithe d'fhonn feabhsú is ea é. Ba chóir spriocanna cainníochtúla gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a leagadh síos áit ar féidir, agus ba chóir iad sin a fhorbairt bunaithe ar an athbhreithniú, iniúchadh nó suirbhé comhshaoil. Cinntigh go bhfuil spriocanna réadúla, insroichte agus intomhaiste agat, agus go bhfuil dátaí críochnaithe beartaithe ina leith. Is é an rath a spreagann muinín agus a chruthaíonn díograis maidir le pleananna todhchaí!

Is rithábachtach a chinneadh conas a dhéanfaidh tú do dhul chun cinn a mhonatóiriú agus ról nó saintasc a thabhairt do gach dalta, ar féidir leis nó léi a bheith freagrach as. Ní athbhreithniú é an Plean Gníomhaíochta ar obair atá déanta cheana féin, ach liosta de spriocanna agus bearta amach anseo a chabhróidh leat na spriocanna sin a bhaint amach. Baineann gach uile théama de Chlár na Scoileanna Glasa leis an athrú aeráide agus do thimpeallacht, mar sin ba bhealach iontach é Lá Gníomhaíochta Aeráide a óstáil nó Plean Gníomhaíochta Aeráide iomlán a bheith agat chun gach a bhfuil ar siúl agat a chur faoi bhráid an tsaoil.



Féach ar an bhfíseán
'The Story of Change':
<https://tinyurl.com/y78vyf3z>

THE STORY OF

CHANGE



Chun smaointe agus inspioráid a fháil, breathnaigh ar alt nuachtáin 'Dóchas Aeráide' de chuid Chlár na Scoileanna Glasa, atá le fáil anseo:
<https://greenschoolsireland.org/climate-hope-for-green-schools/>

SPRIOC 1: COSC A CHUR AR ÚSÁID A BHIAINT AS PLAISTEACH AONÚSAIDE SA SCOIL.



Gníomh	Duine/Grúpa	Spriocdháta	Bainte amach
Taispeáin 'A Plastic Ocean' nó clár faisnéise/scannán den chineál sin.			
Glac páirt in #2minutebeachclean nó #2minutestreetclean.			
Cruthaigh píosa ealaíne nó dealbhóireachta ón dramhaíl phlaisteach a bailíodh.			
Reáchtáil taispeántas agus tabhair cuireadh do thuismitheoirí agus don phobal áitiúil teacht chuige.			
Scaip an scéal go mbeidh bhur scoil ina #PlasticFreeSchool. Déan póstaer a dhearadh ina dtaispeántar rudaí a bhfuil cosc orthu, mar shampla, buidéil phlaisteacha aonúsáide, málaí, scannán cumhdaithe, soip, potaí iógairt, cupáin beir leat, capsúil chaife agus sceanra. Bí cinnte go gcuireann tú ar a súile do dhaoine na rudaí is féidir leo a úsáid ina n-ionad!			
Bíodh comórtas agat chun a fháil amach cén rang a bhuafaidh an rás le bheith #PlasticFree			

SPRIOC 2: AN LÍON DALTAÍ A FHAIGHEANN SÍOB AR SCOIL A LAGHDÚ AGUS SIÚL, ROTHÁIOCHT AGUS ÚSÁID IOMPAIR PHOIBLÍ A MHÉADÚ.



Gníomh	Duine/Grúpa	Spriocdháta	Bainte amach
Cuir suirbhéanna taistil i bhfeidhm do na daltaí agus don fhoireann uile.			
Cuir na torthaí in airde ar chlár fógraí Chlár na Scoileanna Glasa agus cuir do scoil i gcomparáid leis an meán náisiúnta.			
Tabhair faoi iniúchadh timpeall na scoile ar a indéanta is atá sé siúl agus rothaíocht, agus díriú aird ar na bealaí is sábháilte atá ar fáil do dhaltaí agus bhaill foirne.			
Féach ar an mbeartas éide agus cinntigh nach bhfuil aon bhaic ar rothaíocht, mar shampla, sciortaí nó bristí teanna.			
Bí i dteagmháil le do chomhairle áitiúil agus cuir achainí faoina bráid chun lánaí rothar sábháilte a chur i gcrích, mar aon le comharthaíocht ina leagtar béim ar achair shábháilte scoite agus ar shábháilteacht daltaí.			
Iarr ar do shiopa rothar áitiúil, rothar nó dearbhán a bhronnadh ar aon duine a bhíonn ag rothaíocht ar scoil beagnach gach lá sa bhliain.			



SPRIOC 3: CHUN AN MÉID TÁIRGÍ FEOLA AGUS DÉIRÍOCHTA A ITEAR SA SCOIL A LAGHDÚ.

Gníomh	Duine/Grúpa	Spriocdháta	Bainte amach
Fiosraigh agus cruthaigh cur i láthair mealltach (nó scríobh óráid) chun do phiaraí a chur ar an eolas faoin lorg carbóin agus faoi thionchar an tionscail feola agus/nó déiríochta in Éirinn.			
Cuir d'óráid i láthair i ranganna nó ag tionóil scoile.			
Eagraigh imeacht blaiste bia veigeánaigh nó veigeatóraigh, agus iarr ar gach duine béile amháin a thabhairt chuige, chun gur féidir bia agus oidis a roinnt.			
Déan feachtas #MeatlessMonday a rith i do scoil agus tabhair smaointe agus oidis do dhaoine le haghaidh roghanna eile atá simplí sláintiúil.			

SPRIOC 4

Gníomh	Duine/Grúpa	Spriocdháta	Bainte amach

SPRIOC 5

Gníomh	Duine/Grúpa	Spriocdháta	Bainte amach

GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE



Mar chuid de do Lá Gníomhaithe ar son na hAeráide nó tráth a mbeidh rath do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide á cheiliúradh agat, cén fáth nach n-iarrfá ar an scoil iomlán #ClimatePledge simplí a dhéanamh?!

Tá 8 gcinn de na gealltanais is fearr linn féin piochta againn, ach cum do chinn féin agus fáilte! Spreag na daltaí chun iad a chur ar taispeáint go mórtasach nó chun píosa ealaíne comhoibríoch a dhéanamh, é sin nó stiallbhratacha ildaite a chruthú ach iad a cheangal le chéile le sreangán.

Is é mo ghealltanas
#ClimatePledge ná diúltú do
rudaí aon uaire plaisteacha, mar
shampla, buidéil, málaí, soip,
sceanra agus cupáin!

Is é mo ghealltanas
#ClimatePledge ná
siúl, rothaíocht, nó iompar
poiblí a úsáid le dul
ar scoil.

Is é mo ghealltanas
#ClimatePledge ná na
soilse a chasadh as agus
gan m'fhón a luchtú ach
uair amháin sa lá.

Is é mo ghealltanas
#ClimatePledge ná bláthanna
a chur, a fháiltíonn roimh
phailneoirí agus
síolta bláthanna fiáine a
scaipeadh.

Is é mo ghealltanas
#ClimatePledge ná níos
lú ama a chaitheamh sa
chithfholcadán - 5 nóim.
ar a mhéad!

Is é mo ghealltanas
#ClimatePledge ná bia áitiúil,
agus táirgí Cóir-Thrádála agus
saor ó chruaíl a cheannach,
áit ar féidir.

Is é mo ghealltanas
#ClimatePledge ná
níos lú táirgí feola
agus déiríochta a
ithe.

Is é mo #ClimatePledge ná a
chinntiú nach ndéanfar aon táirgí
sláintíocha a úsáidim a shruthlú,
mar go gcríochnóidh siad
san Aigéan ar deireadh.

CAIBIDIL 10



Torthaí Foghlama

OSSP 2.12; 3.13: Déan machnamh ar ar fhoghlaím tú sa snáithe seo.

Béarla GL2: Bí gníomhach agus freagrach laistigh de ghrúpaí ranga, agus tú ag éisteacht nó ag insint faoi eispéiris, agus ag cur mothúchán agus tuairimí in iúl.

MACHNAMH

Is minic a dhéantar dearmad ar am a chuir i leataobh chun machnamh, agus mar sin tá caibidil iomlán cuimsithe againn ar an ábhar sin. Go hidéalach chaithfeá 3 nóiméad ar a laghad i ngach ceacht ar dhul siar ar na rudaí a chlúdaigh sibh le chéile, aon cheisteanna suimiúla a tháinig aníos, agus aon réimsí eile ar gá iniúchadh a dhéanamh orthu fós.

Fiafraigh de do dhaltai cén tionchar a bhí ag gach gníomhaíocht ar a smaointe nó an bhfuil aon rud nua a d'fhoghlaím siad a raibh tionchar aige ar an gcaoi a smaoiníonn siad nó ar na cinntí a d'fhéadfaidís a dhéanamh.

Machnamh Pearsanta

Iarr ar do dhaltai 3 nóiméad a thógáil chun machnamh a dhéanamh ina n-intinn féin ag deireadh gach ceachta, agus na habairtí seo a leanas a chríochnú:

- An rud is tábhachtaí a d'fhoghlaím mé ná...
- An chuid is spéisiúla ná...
- Ba mhaith liom níos mó a fhoghlaím faoi...

Láidreachtaí agus Deiseanna Folláine

Glactar go forleathan leis, má dhirítear ar fholláine daltaí i rith na mblianta scoile, go bhfaighidh siad oideachas leathan, ach freisin, go mbeidh dea-thionchar aige sin ar a ndeiseanna sa todhchaí. Iarr ar do dhaltai suí i ngrúpaí de cheathrar agus smaoinigh siar ar chuid de na gníomhaíochtaí atá déanta agat ón acmhainn seo (nó ón téarma seo), nó iad uile, ní hamháin an méid atá foghlamtha acu ach conas a d'fhoghlaím siad é.

Déan iarracht smaoiniamh ar aon uair a mhothaigh tú ceann amháin nó níos mó de na táscairí folláine seo a leanas:

- Gníomhach – muiníneach maidir le gníomhaíocht choirp
- Freagrach – gníomhú chun m'fholláine a chosaint agus a chur chun cinn, agus na

roghanna cearta a dhéanamh

- Nasctha – le mo scoil, le mo chairde, leis an bpobal agus leis an domhan i gcoitinne
- Acmhainn ionam – na scileanna chun déileáil le dúshlán an tsaoil
- Meas orm – motháim go bhfuil meas ag daoine orm agus go n-éistean siad liom agus tá bá agam le daoine eile agus meas agam orthu
- Feasach – ar mo smaointe, mothúcháin, iompraíocht agus luachanna

Anois iarr ar do ghrúpaí cibé acu an láidreachtaí nó deis dóibh gach ceann de na táscairí, d'fhéadfadh gur láidreachtaí agus deis araon cuid díobh! Úsáid an tábla thíos agus pléigh na samplaí a cuireadh ar fáil.

Neart	Deis
Gníomhach, Freagrach, Nasctha <i>Bím ag siúl/rothaíocht ar scoil le mo chairde</i>	Go bhfuil meas ort <i>Rachaidh mé chun cainte le mo TD/Comhairleoir áitiúil faoi na cúiseanna inní/smaointe atá agam</i>

Smaoinigh, Péireáil, Roinn

Tá Foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí go mór i bhfabhar na teicníce ‘smaoinigh, péireáil, roinn’, agus tá raon acmhainní agus físeáin cruthaithe acu lena mhíniú conas í a úsáid mar straitéis mhúinteoireachta. Breathnaigh ar an bhfíseán agus déan machnamh ansin ar chuid de na ceisteanna thíos:



www.youtube.com/watch?v=AmHU6t8ZhRE&feature=youtu.be



CEISTEANNA:

1. Cad is eol duit faoin athrú aeráide?
2. Liostaigh dhá ghníomhaíocht dhaonna atá ina gcúis le brostú an ráta athraithe aeráide.
3. Liostaigh trí ghníomh is féidir leat a dhéanamh chun do lorg carbóin a laghdú.
4. Mínigh réiteach amháin ar an athrú aeráide a bhfuil cloiste agat faoi nó a bhfuil taighde déanta agat air.
5. Cén rud ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi i ndáil leis an athrú aeráide?

Taisceadán Todhchaí

Abair leis na daltaí litir a scríobh chucu féin, le bheith oscailte in 2030. Sin an bhliain a mbeidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe bainte amach, tá súil againn.



Ba chóir go n-áireofaí sa litir:

1. Meabhrú ar a bhfuil foghlamtha agat faoin athrú aeráide.
2. Tuar faoi cheann amháin de na 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.
3. Roinnt comhairle don duine a bheidh ionat sa todhchaí.
4. Spreagadh le feabhas a chur ar roghanna a dhéanann tú a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an bpláinéad.
5. Rud éigin greannmhar.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi mhachnamh agus measúnú, tabhair cuairt ar an láithreán gréasáin NCCA nó léigh ‘Machnamh Daltaí ar a bhFoghlaim’, CNCM 2015.
www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/focus-on-learning



SUIRBHÉ IAR-GHNÍOMHAÍOCHTA DO DHALTAÍ

Anois agus cuid de na gníomhaíochtaí sa phaca acmhainní seo, nó iad uile, tugtha chun críche agat, tóg 10 nóiméad chun an suirbhé seo a chomhlánú le do dhaltai.

Cabhróidh sin linn a chinneadh cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an acmhainn seo i dtaca le forbairt luachanna, tuairimí ar an athrú aeráide, eolas agus athruithe iompraíochta.

Cuirfidh na sonraí sin le pictiúr náisiúnta a fhoilseoidh Clár na Scoileanna Glasa agus a bheidh tú in ann a fháil ar ár láithreán gréasáin. Ní ainmneofar aon duine nó aon scoil.

An chaoi is éasca agus is tapúla leis an suirbhé a dhéanamh ná iarraidh ar do dhaltai an cód QR a scanadh lena bhfóin nó clíceáil ar an nasc seo a leanas agus an suirbhé a líonadh isteach ar líne:

 www.surveymonkey.com/r/Post-CliSurvey



Mura bhfuil rochtain ar sheomra ríomhairí agat i do scoil, nó más amhlaidh nach bhfuil cead ag do dhaltai an suirbhé a líonadh isteach ar a bhfóin, is féidir leat na suirbhéanna comhlánaithe a scanadh agus a sheoladh i ríomhphost chuig **greenschools@antaisce.org**

Fad is atá na daltaí ag comhlánú a suirbhéanna, tóg 4 nóiméad chun a chur in iúl dúinn céard a cheap tú faoin acmhainn seo mar mhúinteoir:

 www.surveymonkey.com/r/ClimateTeacherSurvey

Tá súil againn gur bhain tú taitneamh as na gníomhaíochtaí agus gur cheap tú go raibh siad úsáideach ó thaobh aird na ndaltai a dhíriú ar an athrú aeráide de!



COMHTHÉACS BEARTAIS

Idirnáisiúnta

Bhunaigh na Náisiúin Aontaithe an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide in 1988 chun athbhreithnithe rialta a sholáthar don lucht déanta beartas maidir le bonn eolaíoch an athraithe aeráide, a iarmhairtí agus na rioscaí todhchaí a bhaineann leis, chomh maith le roghanna i dtaca le cur in oiriúint agus maolú. Na hathbhreithnithe sin ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, cuireann siad bonn eolaíoch ar fáil do rialtais ag gach leibhéal ionas gur féidir leo beartais a fhorbairt a bhaineann leis an athrú aeráide agus tacú le forbairt beartas aeráide domhanda, lena n-áirítear Comhaontú Pháras. Ba iad ceannairí domhanda a bhunaigh Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in 1992 ag Cruinniú Mullaigh na Cruinne Rio, a raibh de chuspóir aige an tiúchan gás ceaptha teasa san atmaisféar a chobhsú ag leibhéal a choiscfeadh cur isteach contúirteach ar chóras aeráide an phláinéid. Tá na comhpháirtithe in UNFCCC ag teacht le chéile gach bliain ó bhí 1992 ann chun dréim lena chuspóirí a chur i gcrích, lena áiríodh Protocal Kyoto a chomhaontú in 1997, inar cuireadh ar thíortha forbartha bearta a bhí ina gceangal dlí a chur i bhfeidhm, a d'ísleodh a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. I bhfianaise an mhéadaithe ar astaíochtaí domhanda agus na meánteochta, áfach, bhí freagairt dhomhanda níos leithne, níos ionchuimsithí ag teastáil.

In 2015, ghlac UNFCCC le Comhaontú Pháras, a chuireann de cheangal ar na comhpháirtithe uile iarrachtaí uailmhianacha maidir le cur in oiriúint agus maolú aeráide a chur i bhfeidhm, mar iarracht ar an ardú sa mheánteocht dhomhanda a shrianadh faoi bhun 2% níos airde ná na leibhéal réamhthionsclaíocha. Gealltanas eile atá ann de bharr Chomhaontú Pháras ná méadú a bhaint amach ar an gcumas chun dul in oiriúint d'iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide, agus a chinntiú go mbeadh na sreafaí airgeadais ag teacht le conair dhomhanda i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa ísle agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. Go dtí seo (Iúil 2018), tá 178 de na 197 Comhpháirtí in UNFCCC tar éis Comhaontú Pháras a dhaingniú, cé bhfuil curtha in iúl ag Stáit Aontaithe Mheiriceá go mbeidh an Comhaontú á fhágáil acu in 2020.

Is é aidhm Chomhaontú Pháras a spriocanna a bhaint amach bunaithe ar shraith gealltanas uailmhianach maidir leis an athrú aeráide, a nglaoitear Rannchuidithe arna Chinneadh go Náisiúnta orthu, a seolfaidh gach comhpháirtí isteach. Chuir an tAontas Eorpach Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta isteach inar gheall sé go mbeadh ísliú 40% ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 1990. Bainfear an sprioc sin amach bunaithe ar laghdúithe ar astaíochtaí i gCóras Trádála Astaíochtaí an AE agus ar laghdúithe a dhéanann gach Ballstát ar

leibhéal astaíochtaí laistigh den chóras thuas. Tá Éire tar éis sprioc laghdaithe de 20% faoi 2020 agus 30% faoi 2030 a chomhaontú i gcomparáid le leibhéal 2005 le haghaidh na n-astaíochtaí sin laistigh den Chóras Trádála Astaíochtaí. Ní móide go mbainfidh Éire sprioc 2020 amach agus ceaptar go mbeidh méadú ar astaíochtaí in dá phríomhréimse, mar atá, an t-iompar agus an talmhaíocht.

Náisiúnta

Ag leibhéal náisiúnta beartais agus dlí, rith Éire an tAcht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin in 2015, an Plean Náisiúnta um Maolú (2017) agus an Creat Náisiúnta um Gníomhaíocht Oiriúnúcháin (2018). In 2017, bhreathnaigh Tionól na Saoránach ar 'Conas is féidir leis an Stát ceannaire a dhéanamh d'Éirinn i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide' agus chomhaontaigh siad 13 mholadh uailmhianacha bunaithe ar vóta tromlaigh, rud a dhearbhaigh gur ceist phráinneach é an t-athrú aeráide, dar le muintir na hÉireann, agus gur chóir go mbeadh sé i gcoilár an cheaptha beartas. Ina theannta sin, tá an Plé Náisiúnta ar Gníomhú ar son na hAeráide á sheoladh ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil trí léachtaí agus thionóil réigiúnacha faoin aeráid chun daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach i ngníomhú comhoibríoch.



Faigh tuilleadh eolais anseo:

<https://dcae.gov.ie/en-ie/climate-action/Pages/default.aspx>

Oideachas

Is fiú dhá bheartas oideachais ar leith a lua ós rud é go bhfuil siad mar bhonn agus thaca ag ár gclár agus ár n-acmhainní, agus go bhfuil siad ag teacht le han-chuid dár n-aidhmeanna straitéiseacha in Aonad Oideachais Comhshaoil An Taisce. Is é aidhm na Straitéise Náisiúnta um Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (2014-2020) ná “a chinntiú go gcuireann an t-oideachas leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus chuige sin, an t-eolas, na meonta agus na luachanna faoi leith a thabhairt d'fhoghlaimoírí, a dhéanfaidh iad a spreagadh agus a chumasú i rith a saoil le go mbeidís ina saoránaigh eolacha gníomhacha a ghníomhóidh ar son todhchaí níos inbhuanaithe” (Roinn Oideachais agus Scileanna 2014; 3). Is é aidhm Phlean Cur i bhFeidhm Oideachas STEM (2017-2019) tacú leis an uailmhian go mbeadh “an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip [in Éirinn] faoi 2026...a chothaíonn fiosracht, fiosrú, réiteach fadhbanna, cruthaitheacht, iompar eiticíúil, muinín agus diongbháilteacht, mar aon leis an gcorraí a bhaineann le nuáil chomhoibríoch” (Roinn Oideachais agus Scileanna 2017; 3).

NÓTAÍ

